



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2021
(OR. en)

14458/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0393 (COD)**

**JAI 1315
COPEN 427
EUROJUST 98
CT 164
ENFOPOL 478
COTER 163
CODEC 1557**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	2 Nollaig 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2021) 757 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 757 final.

Faoi iamh: COM(2021) 757 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 1.12.2021
COM(2021) 757 final

2021/0393 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta

{SWD(2021) 391 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Comhordaíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) imscrúduithe agus ionchúisimh de choiriúlacht thromchúiseach trasteorann san Eoraip agus lasmuigh di. Mar mol an Aontais Eorpaigh (AE) don chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla, tacaíonn Eurojust leis na húdaráis náisiúnta imscrúdaithe agus ionchúisimh.

Ó bunaíodh í in 2002, tá an sceimhlitheoireacht a chomhrac mar chuid de shainordú Eurojust, agus tá sí fós ar cheann de na príomhthosaíochtaí atá aici. Chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac go héifeachtach, tá sé ríthábhachtach go roinnfidh na húdaráis inniúla faisnéis ábhartha eatarthu féin go héifeachtúil agus le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais chun cionta sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh.

Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005 maidir le malartú faisnéise agus comhar i ndáil le cionta sceimhlitheoireachta¹, tá sé riachtanach go mbeadh an fhaisnéis is iomláine agus is cothrom le dáta ar fáil. Mar gheall ar mharthanacht agus castacht na bagartha sceimhlitheoireachta, tá gá le tuilleadh faisnéise a roinnt.

I bhfianaise an mhéid sin, foráiltear le Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle nach mór do na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann le himscrúduithe coiriúla a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta agus a eascraíonn as imscrúduithe coiriúla a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta, a dhéanann difear do dhá Bhallstát nó níos mó nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dóibh agus a chur chuig Europo². Ina theannta sin, ní mór do na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann le hionchúisimh agus ciontuíthe i gcionta sceimhlitheoireachta a bhailiú, a dhéanann difear do dhá Bhallstát nó níos mó nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dóibh agus a sheolann chuig Eurojust í. Ní mór do gach Ballstát an fhaisnéis ábhartha uile a bhailiú a údaráis inniúla faoi imeachtaí coiriúla a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta a chur ar fáil freisin. Ní mór an fhaisnéis sin a chur ar fáil go pras d'údaráis inniúla Ballstáit eile ina bhféadfaí an fhaisnéis a úsáid chun cionta sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh.

Ó 2005 i leith, níl an tábhacht a bhaineann le faisnéis a roinnt idir na Ballstáit agus le Eurojust agus Eurojust ach tar éis a éirí níos soiléire. Treoir maidir leis an Sceimhlitheoireacht a Chomhrac (2017/541/AE)³leasaithe Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, chun a áirithiú go roinntear faisnéis idir na Ballstáit ar bhealach éifeachtach agus tráthúil, ag tabhairt san áireamh an bhagairt thromchúiseach a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta.

¹ Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005 maidir le malartú faisnéise agus comhar i ndáil le cionta sceimhlitheoireachta (IO L 253, 29.9.2005, lch. 22).

² Is é Eurojust gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um fhorfheidhmiú an dlí. Tacaíonn Eurojust le húdaráis forfheidhmithe dlí ar fud an Aontais maidir le gníomhaíochtaí in aghaidh na coireachta ina limistéar sainordaithe go léir.

³ Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).

Ceann de na príomhghnéithe d'obair Eurojust sa réimse seo is ea an Clár Breithiúnach Frithsceimhlitheoireachta Eorpach (CTR). Seoladh an CTR i Meán Fómhair 2019, bunaithe ar Chinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle. Maidir leis an CTR, soláthraíonn na Ballstáit faisnéis ar imeachtaí breithiúnacha a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta ina ndlínse. Déantar na sonraí seo a stóráil agus a chros-seiceáil i gcóras próiseála faisnéise Eurojust - córas bainistíochta cásanna Eurojust (CMS) - ar an mbealach céanna le sonraí oibríochtúla a bhaineann le cásanna leanúnacha comhair bhreithiúnaigh arna dtacú ag Eurojust. Is é an cuspóir naisc fhéideartha a shainnaint idir imeachtaí breithiúnacha frithsceimhlitheoireachta agus na riachtanais chomhordaithe a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr iad sin. Bunaithe ar thorthaí an staidéir ar Cheartas Coiriúil Digiteach⁴, aithníodh feabhas a chur ar fheidhmiú an CTR mar cheann de phríomhthosaíochtaí dhlí coiriúil na hEorpa.

Le teacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1727 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil⁵ ('Rialachán Eurojust') i mí na Nollag 2019, cuireadh creat dlíthiúil nua ar fáil do Eurojust agus rinneadh gníomhaireacht de chuid an AE é. Toisc gur glacadh le Rialachán Eurojust sular bunaíodh an CTR, ní dhearnadh foráil i Rialachán Eurojust don CTR ná dá fheidhmeanna.

Cruthaíonn sé sin éiginnteachtaí dlíthiúla, go háirithe ós rud é nach bhfuil an caidreamh idir Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle agus Rialachán Eurojust soiléir.

Tá fadhbanna breise ann maidir leis na sonraí a roinneann údaráis náisiúnta le Eurojust. Faoi láthair, is minic nach bhfaigheann Eurojust na sonraí is gá ó na húdaráis náisiúnta chun faisnéis faoi chásanna sceimhlitheoireachta a chros-seiceáil i gcomhréir le Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle agus faoi chuireanna tromchúiseacha i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Eurojust. Is iomaí cúis atá leis sin. Ar an gcéad dul síos, níl Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle cruinn go leor mar go raibh sé beartaithe raon feidhme i bhfad níos leithne a bheith aige. Cé go dtugann sé treoir maidir leis an gcineál faisnéise nach mór do na Ballstáit a sheoladh chuig Eurojust, níl sé sonrach go leor fós. Ina theannta sin, is minic nach roinntear faisnéis mar gheall ar an easpa bealaí cumarsáide slána agus an t-ualach riaracháin a bhaineann le heastóscadh na faisnéise de lámh, toisc nach féidir sonraí a mhalartú ar bhealach níos struchtúrtha agus níos uathoibrithe gan tuilleadh digitithe a dhéanamh.

Ina theannta sin, tá an CMS reatha agus an timpeallacht próiseála sonraí ag cur teorainn le ról níos réamhghníomhaí Eurojust i gcomhar breithiúnach digitithe. Níl an CMS de chuid Eurojust atá as dáta go teicniúil in ann uirlis nuálach a chomhtháthú i gceart agus tacú léi, uirlis a éilíonn malartú digiteach slán agus cros-seiceáil sonraí amhail CTR. Ina theannta sin, léirítear dearadh teicniúil an CMS i Rialachán Eurojust. Cuireann Rialachán Eurojust srian ar bhunú CMS do chomhaid oibre shealadacha, arb é is aidhm dóibh tacú leis an obair leantach riaracháin ar chásanna leanúnacha, agus innéacs⁶. Ní dhéantar foráil ann go sainráite do bhunachar sonraí CTR breise laistigh den CMS atá le bunú. Tá toirmeasc ar shonraí pearsanta

⁴ Ceartas Coiriúil Digiteach Trasteorann, Tuarascáil Deiridh, <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/e38795b5-f633-11ea-991b-01aa75ed71a1/language-en>

⁵ Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin (IO L 295, 21.11.2018, lch. 138).

⁶ Féach Airteagal 23(1) de na Rialacháin Foirne.

a phróiseáil lasmuigh den CMS⁷. Dá bhrí sin, ní féidir, ó thaobh an dlí de, bunachar sonraí breise CTR a bhunú lasmuigh den CMS.

Tá dúshlán phraiticiúla agus dlí ann freisin i ndáil leis an gcomhar le hIonchúisitheoirí Idirchaidrimh tríú tíortha. Tá comhaontuithe comhair tugtha i gcrích ag Eurojust le 12 tríú tír⁸ roimh theacht i bhfeidhm Rialachán Eurojust. Sna comhaontuithe sin tá forálacha maidir le malartú sonraí, coimircí cosanta sonraí agus comhar praiticiúil. Chun an comhar a éascú, is féidir LPanna a phostú chuig Eurojust. Oibríonn na LPanna sin taobh le taobh lena gcomhghleacaithe ó Bhallstáit an AE agus cuireann siad tacaíocht ar fáil in imscrúduithe trasteorann a bhfuil baint ag a dtír leo i gcomhréir leis na comhaontuithe comhair is infheidhme. Ní luaitear na LPanna sin ná an rochtain atá acu ar an CMS in aon chor i Rialachán Eurojust, áfach. Dá bhrí sin, níl sé soiléir faoi láthair conas is féidir sonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a mhalartú go héifeachtúil agus go slán le PRanna tríú tír i gcomhréir le Rialachán Eurojust.

Chuige sin, féachtar leis an togra seo le cur ar chumas Eurojust a ról níos láidre, níos réamhghníomhaí dá bhforáiltear i Rialachán Eurojust a chomhlíonadh chun tacú leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir na húdaráis náisiúnta imscrúdaithe agus ionchúisimh sa choireacht thromchúiseach, go háirithe cionta sceimhlitheoireachta, agus an comhar sin a neartú, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Eurojust a chumasú chun naisc a shainaithint idir imscrúduithe agus ionchúisimh trasteorann chomhthreomhara maidir le cionta sceimhlitheoireachta ar bhealach níos éifeachtúla agus aiseolas réamhghníomhach a chur ar fáil maidir leis na naisc sin do na Ballstáit;
- an malartú sonraí idir na Ballstáit, Eurojust agus tríú tíortha a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos sláine.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, tá sé d'aidhm ag an togra freisin deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar maidir le raon feidhme beacht na hoibleagáide faisnéis a roinnt i gcásanna sceimhlitheoireachta agus maidir leis an gcaidreamh le Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, lena n-éilítear leasuithe substainteacha ar Rialachán Eurojust agus ar Chinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Fógraíodh an togra sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le digitíú an cheartais san Aontas⁹ mar chuid de thionscnamh níos leithne chun cumarsáid leictreonach shlán agus malartú faisnéise agus doiciméad idir cúirteanna, údaráis náisiúnta agus gníomhaireachtaí ceartais

⁷ Féach Airteagal 23(6) de na Rialacháin Foirne.

⁸ Tá comhaontuithe comhair ann idir Eurojust agus an Albáin, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh, an tSeirbia, an tSeoirsia, an Íoslainn, Lichtinstéin, an Mholdóiv, an Iorua, an Eilvéis, an Úcráin agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá comhaontú comhair eile tugtha i gcrích ag Eurojust leis an Danmhairg, comhaontú nach ball de Eurojust í i gcomhréir le Prótacal 22 de Chonradh Liospóin. Cuid a trí, Teideal IV den Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, tá forálacha ann freisin maidir leis an gcomhar a bheidh ann amach anseo idir údaráis náisiúnta na Ríochta Aontaithe agus Eurojust.

⁹ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le digitíú an cheartais san Aontas Eorpach – Bosca uirlisí deiseanna, COM(2020) 710 final, 2.12.2020.

agus gnóthaí baile a chumasú. I gcomhréir leis an Teachtaireacht, cuireann sé le e-CODEX¹⁰ mar an caighdeán óir le haghaidh cumarsáid dhigiteach shlán in imeachtaí breithiúnacha trasteorann. Mar chuid de dhigitíú an phacáiste ceartais agus in éineacht leis an tionscnamh maidir le comhar breithiúnach trasteorann a dhigitíú agus leis an tionscnamh maidir le hardán comhair na bhfoirne comhpháirteacha um imscrúdú, tá sé ar cheann de na tograí a liostaítear i bplean oibre an Choimisiúin do 2021 faoin teideal ‘Brú Nua ar Dhaonlathas Eorpach’¹¹.

Cuirtear san áireamh sa togra freisin an togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir (AE) [.../...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh¹² 2005/671/CGB ón gComhairle d'fhonn é a ailíniú le Treoir (AE) 2016/680¹³ (an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i bhForfheidhmiú an Dlí – LED). Beidh gá le dlúthchomhar le linn an phróisis reachtaigh chun comhsheasmhacht na leasuithe a áirithiú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar mhalartú digiteach sonraí faoi chásanna sceimhlitheoireachta agus CMS Eurojust a nuachóiriú i roinnt doiciméad ardleibhéil, amhail straitéis Aontas Slándála an Aontais Eorpaigh¹⁴, an clár oibre frithsceimhlitheoireachta don Aontas Eorpach agus straitéis an Aontais¹⁵ chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe¹⁶. Ar an dara dul síos, d'fhógair an Coimisiún go dtacódh sé le CMS Eurojust a nuachóiriú chun cuidiú le Eurojust aiseolas a thabhairt do na húdaráis náisiúnta agus naisc bhreithiúnacha idir imscrúduithe leanúnacha a bhrath.

Cuirtear san áireamh sa togra freisin an sainordú, lenar thug an Chomhairle údarás don Choimisiún tuilleadh comhaontuithe comhair a chaibidliú maidir leis an gcomhar idir Eurojust agus 13 tríú tír eile¹⁷.

Cuireann sé san áireamh freisin comhar Eurojust le comhlachtaí nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, is iad sin Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh¹⁸, Europol mar

¹⁰ is pacáiste bogearraí é e-CODEX a chumasaíonn nasc idir na córais náisiúnta, a ligeann d'úsáideoirí, amhail údaráis bhreithiúnacha, cleachtóirí dlí agus daoine den phobal, doiciméid, foirmeacha dlí, fianaise agus faisnéis eile a sheoladh agus a fháil ar bhealach tapa sábháilte. Tá e-CODEX in úsáid cheana féin ag an gcóras malartaithe dhigitigh r-fhianaise (eEDES) agus ag treoirthionscadail áirithe. Chun a inbhuanaitheacht fhadtéarmach a áirithiú, ghlac an Coimisiún togra chun tuilleadh forbartha agus cothabhála a thabhairt do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais.

¹¹ Teachtaireacht ón gCoimisiún Clár Oibre an Choimisiúin 2021, Aontas don bheocht i ndomhan leochaileach, COM(2020) 690 final.

¹² Treoir (AE) [.../...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le hailíniú le rialacha an AE maidir le cosaint sonraí pearsanta (IO L...).

¹³ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89)

¹⁴ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um Aontas Slándála (COM (2020) 605 críochnaitheach.

¹⁵ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Clár Oibre Frithsceimhlitheoireachta don Aontas Eorpach, COM(2020) 795 final.

¹⁶ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe 2021-2025 (COM(2021) 170 críochnaitheach).

¹⁷ CINNEADH ÓN gcoimisiún (AE) 2021/7072 an 16 Márta 2021

ghníomhaireacht AE um chomhar póilíneachta¹⁹, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)²⁰, agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)²¹, agus a thábhachtaí atá sé sonraí a mhalartú go slán agus naisc amais/gan amas a bhunú idir cuid acu.

I bhfianaise a íogaire is atá an fhaisnéis a mhalartaítear, tá sé ríthábhachtach go ndéanfar cur chun feidhme an chur chuige maidir leis an mbosca uirlisí maidir le digitiú an cheartais, lena n-áirítear tríd an togra seo, ar bhealach a ráthaíonn caighdeáin láidre cibearshlándála. Tá sé sin comhsheasmhach leis an gcur chuige a leagtar amach i Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh²² agus leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais (NIS2)²³, arb é is aidhm dó acmhainní cibearshlándála na n-eintiteas poiblí agus príobháideach, na n-údarás inniúil agus an Aontais ina iomláine a fheabhsú i réimse na cibearshlándála agus na cosanta ar bhonneagar criticiúil. Cé nach bhfuil na breithiúna sna Ballstáit faoi raon feidhme thogra NIS2 tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh na Ballstáit bearta náisiúnta i bhfeidhm lena n-áirítear leibhéal inchomparáide cibearshlándála.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Is é Airteagal 85 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí chun Rialachán Eurojust a leasú. Faoi Airteagal 85 CFAE, tá struchtúr, oibriú, réimse gníomhaíochta agus cúraimí Eurojust le cinneadh le rialachán. Áirítear leis sin freisin bealaí cumarsáide slána a bhunú idir Ballstáit an AE agus Eurojust chomh maith le comhar Eurojust le LPanna tríú tíortha ar iasacht ag Eurojust.

A mhéid a bhaineann leis na leasuithe ar Chinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle maidir le tagairtí a dhéanamh do Eurojust, is de chineál iarmhartach amháin iad na leasuithe sin ar an Rialachán a mhéid a bhaineann le Eurojust. Dá bhrí sin, is féidir iad a bhunú freisin ar Airteagal 85 CFAE.

¹⁸ Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (“OIPE”) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

¹⁹ Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

²⁰ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

²¹ Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lch. 1).

²² JOIN(2020) 18 críochnaitheach.

²³ COM/2020/823 críochnaitheach.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, mar a leagtar síos in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach(CAE), níor cheart gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais ach amháin nuair nach féidir leis na Ballstáit na haidhmeanna a ghnóthú go leordhóthanach agus, dá bhrí sin, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe, gur fearr is féidir í a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Is gá freisin cineál agus déine birt ar leith a chur in oiriúint don fhadhb shainaitheanta.

Ós rud é gur de chineál trasteorann iad cionta sceimhlitheoireachta go minic, ní féidir le gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta amháin cur ina gcoinne go héifeachtach. Sin an chúis a roghnaíonn na Ballstáit oibriú le chéile chun dul i ngleic le bagairtí na sceimhlitheoireachta. Féachann siad lena bhfreagairt bhreithiúnach a chomhordú agus comhoibriú lena chéile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhroinnte. Mar ghníomhaireacht an Aontais um chomhar i bhforfheidhmiú an dlí, is léiriú láidir é Eurojust ar an iarracht seo atá ar bun ag na Ballstáit chun a gcuid saoránach a choinneáil slán ach oibriú le chéile.

Tá gá ar leith le gníomhaíocht AE ós rud é go bhfuil gné bhunúsach AE ag baint leis na bearta atá beartaithe. Tá sé mar aidhm acu feabhas a chur ar chumas Eurojust gníomhú. Is é an misean atá ag Eurojust tacú agus treisiú leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir na húdaráis náisiúnta bhreithiúnacha i ndáil le coireacht thromchúiseach lena n-áirítear sceimhlitheoireacht a dhéanann difear do dhá Bhallstát nó níos mó nó a éilíonn ionchúiseamh ar bhoinn chomhchoiteanna. Ní féidir an cuspóir sin a bhaint amach ach ar leibhéal an Aontais, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta. Ní féidir leis na Ballstáit creat dlíthiúil níos iomchuí a chruthú d'fheidhmiú CTR agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB amháin. Dá bhrí sin, is faoin AE atá sé na hionstraimí atá ceangailteach ó thaobh dlí a bhunú chun na torthaí sin a bhaint amach i gcomhréir leis na cumhachtaí a thugtar dó le conarthaí AE.

- **Comhréireacht**

De réir phrionsabal na comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 5(4) de CAE, ní mór cineál agus déine birt ar leith a bheith ag freagairt do chineál agus do dhéine na faidhbe a saináithníodh. Leis na fadhbanna ar fad a dtugtar aghaidh orthu sa togra seo, éilítear tacaíocht ar leibhéal an AE ar na Ballstáit chun dul i ngleic leis na fadhbanna sin go héifeachtach.

Is é is aidhm d'Airteagal 1 agus d'Airteagal 2 den togra CTR a chomhtháthú níos fearr i gcreat dlíthiúil agus teicniúil Eurojust agus feabhas a chur ar an gcomhar le PRanna tríú tíortha. Gan na leasuithe sin, níl Eurojust in ann naisc a aithint idir imscrúduithe agus ionchúisimh chomhuaineacha. Ní féidir léi an ról ríthábhachtach atá aici a chomhlíonadh maidir le tacú leis an gcomhar idir údaráis náisiúnta na mBallstát agus an comhar sin a neartú maidir le foirmeacha tromchúiseacha coireachta a imscrúdú agus a ionchúiseamh, go háirithe an sceimhlitheoireacht. Chun cur ar chumas Eurojust a chúram ríthábhachtach a chomhlíonadh go hiomlán, is gá a áirithiú go ndéanfar an obair leantach bhreithiúnach chomhordaithe.

Mar gheall ar chineál trasteorann méadaitheach na coireachta eagraithe agus na n-eagraíochtaí sceimhlitheoireachta, rud a éascaíonn úsáid uirlisí cumarsáide digití, tá gá le cur chuige níos comhordaithe maidir le tríú tíortha freisin. Is minic a bhíonn údaráis ó lasmuigh den Aontas rannpháirteach sna himscrúduithe agus sna hionchúisimh. Dá bhrí sin, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní théann an togra thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Leasaítear Rialachán Eurojust le hAirteagal 1 den togra. Is é Airteagal 85 CFAE an bunús dlí do Rialachán Eurojust. Déantar foráil leis go ndéanfar Eurojust a rialú le rialachán a ghlacfar i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach.

Is é is aidhm d' Airteagal 2 den togra leasú a dhéanamh ar Chinneadh ón gComhairle a glacadh roimh theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin in 2009. Ós rud é gur leasuithe iarmhartacha amháin iad na leasuithe sin ar Rialachán Eurojust, is féidir iad a áireamh mar ábhar coimhdeach sa rialachán lena leasaítear Rialachán Eurojust.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Rinneadh comhairliúchán forleathan spriocdhírthe chun rannpháirtíocht leathan na ngeallsealbhóirí ábhartha in ullmhú an togra a áirithiú. I measc na gcomhairliúcháin bhí teagmhálacha déthaobhacha, cruinnithe le páirtithe leasmhara agus saineolaithe, ionchur i scríbhinn agus suirbhé ar chleachtóirí.

Bhailigh an Coimisiún raon leathan cothrom tuairimí maidir leis an tsaincheist seo trí dheis a thabhairt do na páirtithe ábhartha go léir a dtuairimí a chur in iúl. Go háirithe, cuireadh na Ballstáit, údarais náisiúnta amhail na comhfhreagrúithe náisiúnta le haghaidh cúrsaí sceimhlitheoireachta, ionchúisitheoirí agus breithiúna, Eurojust, a dheasca náisiúnta agus a riarachán, Comhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta na hEorpa, Europol, lucht acadúil, cearta bunúsacha agus páirtithe leasmhara cosanta sonraí san áireamh sa phróiseas comhairliúcháin.

Ina theannta sin, pléadh an tsaincheist, an 17 Meitheamh 2021, i Sainghrúpa an Choimisiúin maidir le beartas coiriúil AE, ar a bhfuil lucht acadúil agus cleachtóirí i ndlí coiriúil an Aontais Eorpaigh, agus, an 24 Meitheamh 2021, rinneadh plé ar Ghrúpa Saineolaithe an Choimisiúin um Cheartas Coiriúil Digiteach, ar a bhfuil saineolaithe ó na Ballstáit.

Tríd is tríd, chuir na geallsealbhóirí uile fáilte roimh an tionscnamh agus d'aontaigh siad leis na réimsí fadhbanna a saináithníodh. Bhí na páirtithe leasmhara an-soiléir maidir leis an bhfaisnéis a bhí le roinnt le Eurojust: Ba cheart gurb iad na sonraí is gá chun daoine is ábhar do na himscrúduithe a shaináithint. Ar an iomlán, bhí na freagróirí sásta leis an méid sonraí a bailíodh trí theimpléad Eurojust CTR atá ann faoi láthair.

Bhí tacaíocht láidir ann chun bealaí slána cumarsáide a thabhairt isteach idir na Ballstáit agus Eurojust. B'fhearr le Eurojust bealaí cumarsáide slána le haghaidh na sonraí pearsanta oibríochtúla uile arna seoladh chuig Eurojust. Chuir go leor páirtithe leasmhara in iúl nach mbeadh an córas faireacháin meaitseála sonraí bithmhéadracha atá ann faoi láthair in ann na cúraimí atá beartaithe don CTR a chomhlíonadh.

Bhí comhaontú ginearálta ann gur cheart go mbeadh rochtain oibríochtúil ag LPanna ar an CMS. Chuir na Ballstáit agus cleachtóirí Eurojust in iúl gur cheart go mbeadh tríú tíortha, a bhfuil comhaontú comhair tugtha i gcrích acu agus atá in ann, dá bhrí sin, LP a phostú chuig Eurojust, in ann cásanna a oscailt agus a dhúnadh go neamhspleách.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá an togra bunaithe ar thorthaí an staidéir ar Cheartas Coiriúil Digiteach²⁴. Sa staidéar, rinneadh athbhreithniú ar na riachtanais agus ar na roghanna maidir le ‘Ceartas Coiriúil Digiteach Trasteorann’ a chruthú, bonneagar TF atá tapa, iontaofa agus slán chun cur ar chumas na n-údarás náisiúnta ionchúisimh i mBallstáit idirghníomhú lena gcontrapháirtithe náisiúnta, lena ngníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile agus lena gcomhlachtaí de chuid an Aontais i réimse CGB.

- **Measúnú tionchair**

Ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair, ós rud é gurb é is príomhaidhm leis an togra réiteach teicniúil cothrom le dáta a bhunú chun tacú le húdarais na mBallstát agus le Eurojust, gan na príomhphrionsabail a athrú, ar príomhphrionsabail iad atá mar bhonn agus mar thaca ag an gcreat comhair dhlíthiúil atá ann cheana.

Mar sin féin, d'ullmhaigh seirbhísí an Choimisiúin doiciméad tacaíochta anailíseach i bhfoirm doiciméad inmheánach oibre²⁵, a ghabhann leis an togra. Tá cur síos mionsonraithe ar an bhfadhb sa doiciméad inmheánach oibre, breathnaítear ar na bunchúiseanna atá leis agus leagtar amach ann cuspóirí an togra. Déanann sé anailís ar an réiteach atá beartaithe i bhfianaise éifeachtúlachta, ach ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar chearta bunúsacha freisin.

Sa doiciméad tacaíochta anailíseach, ba iad na príomhfhadhbanna a sainaitníodh nach bhfaigheann Eurojust faisnéis chuimsitheach faoi chásanna ó na húdarais náisiúnta inniúla, nach dtacaíonn Córas Bainistithe Cásanna Eurojust le naisc a shainaitint go huathoibríoch agus nach bhfuil an comhar le hionchúisitheoirí idirchaidrimh tríú tír éifeachtúil. Mar réiteach, moltar soiléiriú agus treisiú a dhéanamh ar an oibleagáid faisnéis faoi chásanna sceimhlitheoireachta a chomhroinnt le Eurojust, CMS Eurojust a nuachóiriú agus feabhas a chur ar an mbunús dlí le haghaidh comhair le LPanna tríú tíortha.

Táthar ag súil go bhfeabhsófar cumas Eurojust chun naisc idir imeachtaí leanúnacha agus imeachtaí atá tugtha chun críche a shainaitint go suntasach mar thoradh ar éifeachtúlacht fheabhsaithe an mhalartaithe sonraí idir údarais náisiúnta agus Eurojust, lena n-áirítear úsáid a bhaint as cainéal cumarsáide slán. Tá an cuspóir céanna ag an nuachóiriú ar thimpeallacht próiseála sonraí Eurojust. Táthar ag súil go gcabhróidh sainaitint na nasc sin leis na húdarais bhreithiúnacha ag céimeanna éagsúla d'imeachtaí náisiúnta chun amhrastaigh go rathúil faoi chionta sceimhlitheoireachta nó iad siúd a bhfuil baint acu le coireanna tromchúiseacha eile agus a bhfuil baint acu leis na daoine sin a shainaitint agus a ionchúiseamh. Trí Eurojust a chumasú chun tacú leis na Ballstáit ag a bhfuil a lánacmhainneacht, ba cheart go neartófaí go mór an fhreagairt bhreithiúnach sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus cineálacha eile coireachta tromchúisí.

- **Ceartha bunúsacha**

I bhfianaise a thábhachtaí atá sé sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha fhorghníomhú an dlí agus gníomhaíochtaí tacaíochta Eurojust, léirítear sa togra gur gá a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán na ceartha bunúsacha mar a chumhdaítear sa Chairt um Chearta

²⁴ Ceartas Cóiriúil Digiteach Trasteorann, Tuarascáil Deiridh, <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/e38795b5-f633-11ea-991b-01aa75ed71a1/language-en>

²⁵ doiciméad inmheánach oibre (2021)391.

Bunúsacha. Áirítear orthu sin an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta²⁶ a chosaint agus an ceart go ndéanfaí an saol príobháideach a urramú²⁷. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an méid sin ós rud é go mbaineann an togra le sonraí pearsanta íogaire a bhaineann le himscrúduithe agus ciontuithe coiriúla chomh maith le sonraí bithmhéadracha a phróiseáil. Ós rud é go bhfuil sé ar cheann de príomhchuspóirí an togra cur ar chumas Eurojust naisc a bhunú idir imscrúduithe sceimhlitheoireachta, agus ní féidir é sin a dhéanamh go dtí go bhfaigheann Eurojust dóthain faisnéise, is gá an méid sonraí a chuirtear chuig Eurojust a mhéadú. Chun críche na sonraí sin, is gá coimircí leordhóthanacha a chur i bhfeidhm. Áirítear leis sin teorannú dian de réir cuspóra, go háirithe nuair a bhaineann sé le sonraí bithmhéadracha. Cuirfear le cosaint níos fearr do na sonraí atá á bpróiseáil ag Eurojust ach úsáid a bhaint as cainéal slán cumarsáide agus as an CMS nuachóirithe nua. Agus an CMS á dhearadh, cuirfear béim ar chosaint sonraí trí réamhshocrú agus ar dhearadh. Ina theannta sin, ní athrófar an bunphrionsabal maidir le rialú sonraí ag comhaltaí náisiúnta agus ag údarais inniúla náisiúnta. Sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo déantar measúnú níos mionsonraithe ar thionchar an togra ar chearta bunúsacha agus ar choimircí.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Bheadh tionchar ag an togra seo ar bhuiséad Eurojust agus ar riachtanais na mball foirne. Meastar go mbeadh gá le EUR 33 milliún eile faoin ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra.

Bunaithe ar an anailís a rinneadh ar an staidéar ar Cheartas Coiriúil Digiteach,²⁸ meastar gurb é EUR 31 milliún na costais a bhaineann le CMS athdheartha nua, lena n-áirítear costais tógála, oibríochtaí agus chothabhála ar feadh dhá bhliain²⁹. Tá EUR 9,5 milliún faighte cheana féin ag Eurojust trí aistriú buiséid ó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) i mí Dheireadh Fómhair 2021, sin an fáth a meastar gur EUR 21,5 milliún a bheidh sna costais atá fós le híoc do CMS. Ina theannta sin, beidh gá le tuairim is EUR 11,5 milliún chun freastal ar riachtanais bhreise foirne le haghaidh na tréimhse tógála agus oibríochta 4 bliana. Poist bhuna a bheadh sna 25 phost bhreise sin chun a áirithiú go bhfuil na hacmhainní ag Eurojust chun a chuid cúraimí a chur chun feidhme.

Dá bhrí sin, bheadh níos mó acmhainní airgeadais agus daonna ag teastáil le haghaidh na gcúraimí treisithe do Eurojust faoin togra seo i gcomparáid leis na hacmhainní atá curtha in áirithe i mbuiséad 2021-2027 AE (CAI).

²⁶ Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear ‘an Chairt’ anseo feasta).

²⁷ Airteagal 7 den Chairt.

²⁸ Ceartas Cóiriúil Digiteach Trasteorann, Tuarascáil Deiridh, <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/e38795b5-f633-11ea-991b-01aa75ed71a1/language-en>, lch. 244.

²⁹ Glacadh leis an staidéar tréimhse chothabhála agus EUR 39 milliún san iomlán. Ós rud é nach gcmhdaíonn buiséad reatha an Aontais (an creat airgeadais ilbhliantúil, CAI) ach an tréimhse go dtí 2027, baineadh na costais chothabhála do na blianta 2028 agus 2029 ón méid sin.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socrúithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá an amlíne chun CMS nua Eurojust a chur chun feidhme, bealaí cumarsáide slána agus uirlis chumarsáide chun sonraí a mhalartú ar bhealach struchtúrtha bunaithe ar an anailís sa staidéar ar Cheartas Coiriúil Digiteach³⁰. I gcás CTR, tar éis tréimhse ullmhúcháin sé mhí, bheadh gá le tuairim is 20 mí i gcéim an tsoláthair agus an chur chun feidhme. Dá bhrí sin, ba cheart an réiteach teicniúil nua a bheith oibríochtúil taobh istigh de dhá bhliain tar éis an togra a ghlacadh. Chun na bealaí cumarsáide slána a bhunú, tá gá le gníomh cur chun feidhme.

Beidh sé tábhachtach faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar dhigitiú phróiseáil sonraí Eurojust chun a éifeachtacht agus a chomhlíonadh le cearta bunúsacha a áirithiú. Déanfar an faireachán agus an mheastóireacht den chuid is mó faoi Rialachán Eurojust atá i bhfeidhm. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht neamhspleách ar chur chun feidhme Rialachán Eurojust agus ar ghníomhaíochtaí Eurojust faoin 13 Nollaig 2024. Déanfar an mheastóireacht gach 5 bliana chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar thionchar an Rialacháin agus ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht Eurojust i gcomhréir le hAirteagal 69(1) de Rialachán Eurojust.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Luaitear sa togra gur cheart Rialachán Eurojust agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle a leasú chun an oibleagáid dhlíthiúil atá ar na Ballstáit sonraí faoi chionta sceimhlitheoireachta a roinnt le Eurojust a shoiléiriú agus a neartú. Ba cheart na coinníollacha faoina bhféadfaidh LPanna tríú tír atá ar iasacht chuig Eurojust rochtain a fháil ar an CMS i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí a shoiléiriú freisin. Ba cheart bealaí cumarsáide slána agus timpeallacht próiseála sonraí níos solúbtha a chur i bhfeidhm freisin.

Leasaítear Rialachán Eurojust le hAirteagal 1 den Rialachán:

Chun a áirithiú gur féidir le Eurojust a ról a chomhlíonadh i gcomhar le tríú tíortha, soiléirítear in Airteagal 1(1) den togra in Airteagal 3(5) de Rialachán Eurojust gur féidir le Eurojust tacú freisin le cásanna idir Ballstát amháin agus tríú tír nó Ballstát amháin agus eagraíocht idirnáisiúnta. Bheadh ábharthacht ar leith ag baint le comhar a d'fhéadfaidh a bheith ann le Interpol nó leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, e.g. maidir le fianaise ón láthair chatha.

Tugtar isteach le hAirteagal 1(2) den togra oibleagáid ar na Ballstáit comhfhreagraí náisiúnta sceimhlitheoireachta amháin nó níos mó a ainmniú agus cumhachtaí leordhóthanacha a thabhairt dóibh, ar cumhachtaí iad atá bunaithe roimhe seo ar Airteagal 2(2) de Chinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, i Rialachán Eurojust, lena gcuirtear mír 2a nua le hAirteagal 20 de Rialachán Eurojust. Leasú iarmhartach is ea Airteagal 1(3), tar éis an oibleagáid maidir le faisnéis a chur ar fáil i gcásanna sceimhlitheoireachta a áireamh i Rialachán Eurojust agus foráil a dhéanamh maidir le hoibleagáid níos ginearálta sonraí a chur ar fáil ar bhealach struchtúrtha do Eurojust in Airteagal 22a nua.

³⁰ Ceartas Coiriúil Digiteach Trasteorann, Tuarascáil Deiridh, <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/e38795b5-f633-11ea-991b-01aa75ed71a1/language-en>, lch. 265 ff.

Le hAirteagal 1(4) den togra tugtar isteach Airteagal 21d nua de Rialachán Eurojust. Soiléirítear agus neartaítear le hAirteagal 21a an oibleagáid faisnéis a sholáthar maidir le himeachtaí sceimhlitheoireachta, ar oibleagáid í a bunaíodh roimhe seo ar Airteagal 2(3) i gcomhar le hAirteagal 2(5) de Chinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle. Leagtar amach in Airteagal 21a na cásanna ina bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit faisnéis a chur ar fáil níos cruinne maidir le himscrúduithe coiriúla agus imeachtaí breithiúnacha i leith cionta sceimhlitheoireachta. Ina theannta sin, saináithnítear céim na n-imscrúduithe coiriúla agus na n-imeachtaí náisiúnta agus an cineál faisnéise ar bhealach níos soiléire.

Déantar foráil in Airteagal 1(5) den togra, in Airteagal 22a nua, maidir le bealaí cumarsáide slána a bhunú agus a úsáid idir na Ballstáit uile agus Eurojust agus sonraí íogaire á malartú acu. Le hAirteagal 22a freisin, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le nuashonrú leath-uathoibríthe ar shonraí struchtúrtha ó bhunachair shonraí náisiúnta. Ciallaíonn leath-uathoibríoch modh tarchurtha, atá uathoibríthe go páirteach agus atá faoi rialú go páirteach ag an duine. Le hAirteagal 22b agus le hAirteagal 22c leagtar síos creat lena bhféadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh.

Is é is aidhm do na leasuithe ar Airteagal 23 de Rialachán Eurojust, atá in Airteagal 1(6) den togra, rialacha próiseála sonraí Eurojust a dhéanamh níos solúbtha. Cé go bhfuil na príomhphrionsabail i bhfeidhm, beifear in ann anois faisnéis a chuirtear ar fáil faoi Airteagal 21 maidir le coireanna tromchúiseacha agus faoi Airteagal 21a maidir le himeachtaí frithsceimhlitheoireachta i struchtúr difriúil agus ar feadh tréimhse níos faide ná mar atá sna comhaid oibre shealadacha atá ann faoi láthair a stóráil. Leis an togra, scriostar na sonraí teicniúla a bhaineann leis an CMS, ionas gur féidir an córas a nuachóiriú. Mar sin féin, coinneofar prionsabal na stórála sealadaí i gcás na sonraí sin freisin, cé go bhfuil na tréimhsí coinneála beagán níos faide i gcás faisnéise faoi Airteagal 21a. Leagtar amach cuspóirí an CMS níos soiléire in Airteagal 23 athbhreithnithe.

Le hAirteagal 1(6) leasaítear freisin Airteagal 24 de Rialachán Eurojust, lena gcoimeádtar prionsabal reatha na bainistíochta faisnéise sa CMS. Leagtar béim in Airteagal 24(1) ar rialú agus ar fhreagracht na gcomhaltaí náisiúnta i ndáil leis na sonraí sa CMS. I gcomhréir le hAirteagal 24(2), leanfaidh comhaltaí náisiúnta de na cearta rochtana ar an bhfaisnéis a bhainistíonn siad a chinneadh. Le hAirteagal 24(3) tugtar isteach bunús dlí le haghaidh obair leantach níos uathoibríthe ar thrasnaisc, i gcás ina n-údaráíonn údaráis náisiúnta sonraí a roinnt le páirtithe áirithe sula mbraítear nasc.

Ar deireadh, le hAirteagal 1(6) tugtar isteach leasuithe iarmhartacha ar Airteagal 25 de Rialachán Eurojust, leasuithe a eascraíonn as na mionsonraí teicniúla a scriosadh ó Airteagal 23 de Rialachán Eurojust.

Le hAirteagal 1(7) leasaítear Airteagal 27 de Rialachán Eurojust, ionas go mbeifear in ann leanúint de láimhseáil sonraí i gcásanna sceimhlitheoireachta, inar tugadh na cásanna chun críche faoin dlí náisiúnta. Chun go mbeifear in ann naisc idir imscrúduithe agus ionchúisimh a bhrath go héifeachtach, féadfar leanúint de phróiseáil ar feadh méid áirithe ama ar sonraí faoi imscrúduithe a rinneadh roimhe sin, lena n-áirítear iad siúd ar éigiontaíodh iad nó a cuireadh i gcrích ar bhealach eile.

Le hAirteagal 1(8) tugtar isteach tréimhsí coinneála nua níos faide do sonraí dá bhforáiltear faoi Airteagal 21a de Rialachán Eurojust chun a áirithiú go ndéantar sonraí a stóráil ar feadh tréimhse fada go leor le gur féidir trasnaisc a bhrath ar bhealach níos éifeachtaí i gcásanna sceimhlitheoireachta. I gcás nach ndearnadh aon chiontú sna sonraí sin, bíonn tréimhsí coinneála níos giorra ann chun prionsabal na comhréireachta a chomhlíonadh.

Chun an comhar le LPanna tríú tíortha ag Eurojust a shoiléiriú, foráiltear le hAirteagal 1(9) den togra d'Airteagal 54a nua de Rialachán Eurojust, lena dtugtar rochtain ar CMS do LPanna tríú tír. Mar sin féin, ní bhunaítear leis an bhforáil bunús dlí chun sonraí a roinnt. Aistriú sonraí chuig tríú tír is ea aistriú sonraí chuig PL agus dá bhrí sin ní mór é a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 56 de Rialachán Eurojust.

Le hAirteagal 1(10) leasaítear Airteagal 80 de Rialachán Eurojust. Tá forálacha idirthréimhseacha ann, ag cur san áireamh go dtógfaidh sé méid áirithe ama go dtí go mbeidh an bonneagar teicniúil is gá i bhfeidhm.

Le hAirteagal 1(11) tugtar isteach Iarscríbhinn III nua ina leagtar amach an fhaisnéis atá le cur chuig Eurojust faoi Airteagal 21a de Rialachán Eurojust. Áirítear ar an liosta sonraí bithmhéadracha, méarloirg agus grianghraif chun sainathint iontaofa daoine a bhfuil amhras fúthu a áirithiú, agus neamhiontaofacht faisnéise alfa-uimhriúil á cur san áireamh, go háirithe maidir le náisiúnaigh tríú tír. In imeachtaí sceimhlitheoireachta, is minic gurb é grianghraf an t-aon nasc leis na daoine atá faoi dhrochamhras sa chéim imscrúdaitheach, agus sin é an fáth gur cheart aitheantas aghaidhe a chur san áireamh freisin. Níor cheart an fhaisnéis sin a chur ar fáil ach amháin má tá rochtain ag na húdaráis bhreithiúnacha náisiúnta uirthi.

Leasaítear le hAirteagal 2 Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle maidir leis na pointí seo a leanas:

Chun an caidreamh idir Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle agus Rialachán Eurojust a shoiléiriú, tá na tagairtí do Eurojust sa Chinneadh ón gComhairle snoite. In Airteagal 2(1), in Airteagal 2(2), scriostar pointe (a) agus pointe (c) den Rialachán atá beartaithe Airteagal 1 pointe (c) agus Airteagal 2(2) agus (5) ón gCinneadh. In Airteagal 2(2), pointe (b), baintear an tagairt do Eurojust ó Airteagal 2(3) den Chinneadh leis an togra.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 85 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach³¹,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³² bunaíodh Eurojust agus leagtar amach ann a chúraimí, inniúlachtaí agus feidhmeanna.
- (2) Leagtar amach i gCinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle³³ go bhfuil sé fíor-riachtanach go mbeadh an fhaisnéis is iomláine agus is deireanaí is féidir ar fáil chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Cuirtear oibleagáid leis ar údarais náisiúnta inniúla na mBallstát faisnéis a sholáthar do Eurojust maidir le hionchúisimh agus le ciontuithé i gcionta sceimhlitheoireachta, a dhéanann difear nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do dhá Bhallstát nó níos mó.
- (3) Mar gheall ar neamhréireachtaí maidir le léirmhíniú Chinneadh 2005/671/CGB ní roinntear an fhaisnéis ag an am ceart, ní roinntear an fhaisnéis iomchuí nó ní roinntear an fhaisnéis ar chor ar bith. Caithfidh Eurojust faisnéis leordhóthanach a fháil chun naisc a shainaithint idir imscrúduithe trasteorann.
- (4) Is cúram tábhachtach atá ar Eurojust faoi Rialachán (AE) 2018/1727 é cúnamh a thabhairt d'údarais inniúla na mBallstát an comhordú is fearr is féidir ar imscrúduithe agus

³¹ [....].

³² Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin (IO L 295, 21.11.2018, lch. 138).

³³ Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005 maidir le malartú faisnéise agus comhar i ndáil le cionta sceimhlitheoireachta (IO L 253, 29.9.2005, lch. 22).

ionchúisimh a áirithiú, lena n-áirítear naisc a shainaithint. Leis sin cuirtear ar a chumas do Eurojust cur chuige níos réamhghníomhaí a ghlacadh agus seirbhísí níos fearr a sholáthar do na Ballstáit, mar shampla a mholadh go gcuirfí tús le himscrúduithe, agus riachtanais chomhordúcháin, cásanna féideartha *ne bis in idem* agus bearnaí ionchúisimh a shainaithint.

- (5) I Meán Fómhair 2019, bhunaigh Eurojust an Clár Breithiúnach Eorpach Frithsceimhlitheoireachta bunaithe ar Cinneadh 2005/671/CGB agus é de chuspóir sonrach aige naisc a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith ann idir imeachtaí breithiúnacha i gcoinne daoine faoi amhras maidir le cionta sceimhlitheoireachta agus riachtanais chomhordúcháin fhéideartha a eascraíonn as na himeachtaí sin.
- (6) Toisc gur bunaíodh an clár i ndiaidh gur glacadh le Rialachán (AE) 2018/1727, níl an Clár Breithiúnach Eorpach Frithsceimhlitheoireachta comhtháite go maith ó thaobh na teicneolaíochta de ag Eurojust ná comhtháite go maith ó thaobh an dlí de i Rialachán (AE) 2018/1727. Dá bhrí sin, is gá sin a leigheas.
- (7) Chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac ar bhealach éifeachtach, is den tábhacht é maidir le faisnéis chun cionta sceimhlitheoireacht a imscrúdú nó a ionchúiseamh, go ndéanfaí í a mhalartú ar bhealach éifeachtúil tráthúil idir na húdaráis inniúla agus gníomhaireachtaí an Aontais. Tá sé fíor-riachtanach go mbeadh an fhaisnéis is iomláine agus is deireanaí is féidir acu. Tarraingíonn marthanacht na bagartha sceimhlitheoireachta agus castacht an fheiniméin anuas an gá le malartú faisnéise níos mó ná riamh.
- (8) Toisc gur mó an bhaint a bhíonn ag eagraíochtaí sceimhlitheoireachta le cineálacha eile coireanna tromchúiseacha, amhail gáinneáil ar dhaoine, gáinneáil ar dhrugaí nó sciúradh airgid, is gá freisin imeachtaí breithiúnacha a chros-seiceáil leis na coireanna tromchúiseanna sin.
- (9) Chun a chur ar a chumas do Eurojust trasnaisc a shainaithint idir imeachtaí breithiúnacha trasteorann i gcoinne daoine faoi amhras maidir le cionta sceimhlitheoireachta maille le trasnaisc idir imeachtaí breithiúnacha i gcoinne daoine faoi amhras maidir le cionta sceimhlitheoireachta agus faisnéis a phróiseáiltear ag Eurojust a bhaineann le cásanna eile coireanna tromchúiseacha, tá sé fíor-thábhachtach go bhfaighidh Eurojust faisnéis leordhóthanach chun a chur ar a chumas dó na sonraí sin a chros-seiceáil.
- (10) Chun na sonraí sin a sholáthar, caithfidh na húdaráis inniúla fios a bheith acu go beacht cén cineál sonraí is gá dóibh a tharchur chuig Eurojust, ag cén chéim de na himeachtaí náisiúnta is gá na sonraí a tharchur agus cé na cásanna inar gá sin a dhéanamh. Meastar go gcuirfidh sin méadú nach beag ar an méid faisnéise a fhaigheann Eurojust.
- (11) Is é Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁴ an pointe tagartha le haghaidh na n-údarás inniúil chun cionta sceimhlitheoireachta mar a chuirtear chun feidhme iad sa dlí náisiúnta a shainmhíniú.

³⁴ Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).

- (12) Chun trasnaisc a shainathint idir imscrúduithe sceimhlitheoireachta agus imeachtaí breithiúnacha i gcoinne daoine faoi amhras maidir le cionta sceimhlitheoireachta, tá sonraí aitheantais iontaofa ríthábhachtach. Mar gheall ar na héiginnteachtaí maidir le sonraí alfa-uimhriúla, go háirithe le haghaidh náisiúnaigh tríú tíortha, ba cheart a bheith in ann sonraí bithmhéadracha a mhalartú. Mar gheall ar nádúr íogair na sonraí bithmhéadracha agus an tionchar a bhíonn ag próiseáil na sonraí bithmhéadracha ar an meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh agus ar chosaint sonraí pearsanta, mar a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ba cheart do na húdaráis inniúla agus Eurojust tástáil riachtanais dhocht a chur i bhfeidhm i ngach cás.
- (13) Toisc gur úsáidí ag céim luath den imscrúdú í faisnéis maidir le trasnaisc atá ann cheana féin le himeachtaí breithiúnacha eile, is gá do na húdaráis inniúla faisnéis a sholáthar do Eurojust a luaithe a bhíonn baint ag údaráis bhreithiúnacha leis an gcás. Má bhíonn na húdaráis náisiúnta inniúla ar an eolas faoi thrasnaisc cheana féin, ba cheart dóibh Eurojust a chur ar an eolas dá réir sin.
- (14) Chun cruinneas na sonraí sa Chlár Breithiúnach Eorpach Frithsceimhlitheoireachta a áirithiú, chun trasnaisc a shainathint go luath agus chun a áirithiú go gcloítear le teorainneacha ama, ba cheart do na húdaráis inniúla an fhaisnéis a sholáthraítear a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta. Agus an fhaisnéis á tabhairt cothrom le dáta, ba ceart a áireamh inti faisnéis nua a bhaineann leis an duine atá faoi imscrúdú, cinnítí breithiúnacha amhail athchuir faoi choimeád nó oscailt na n-imeachtaí cúirte agus iarrataí ar chomhar breithiúnach nó naisc atá sainaitheanta le dlínsí eile.
- (15) Mar gheall ar íogaireacht imeachtaí breithiúnacha i gcoinne daoine faoi amhras maidir le cionta sceimhlitheoireachta, ní i gcónaí a bhíonn na húdaráis náisiúnta inniúla in ann an fhaisnéis maidir le cionta sceimhlitheoireachta a roinnt ag an gcéim is luaithe. Ba cheart gur eisceacht i gcónaí a bheadh i maoluithe den chineál sin ar an oibleagáid faisnéis a sholáthar.
- (16) Chun sonraí íogaire a mhalartú agus a phróiseáil idir na húdaráis náisiúnta inniúla agus Eurojust chun na sonraí sin a chosaint ar nochtadh neamhúdaraíthe agus cibirionsaithe, agus gan dochar d'fhorbairtí teicneolaíochta a bheidh ann amach anseo, ba cheart cainéil chumarsáide shlána a úsáid, amhail na cainéil chumarsáide shlána dá dtagraítear in Airteagal 9 de Chinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle³⁵ nó an córas TF díláraithe mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) [.../...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁶ [*Rialachán maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh*]. Chun sonraí a mhalartú ar bhealach slán agus iontaofacht na cumarsáide agus an mhalartaithe sonraí a chosaint, ba cheart an córas bainistithe cásanna a nascadh leis na córais chumarsáide shlána sin agus ardchaighdeán chibearshlánda a chomhlíonadh.
- (17) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme an Rialacháin seo a mhéid a bhaineann le córas TF díláraithe a bhunú agus a úsáid le

³⁵ Cinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach (IO L 348, 24.12.2008, lch. 130).

³⁶ Rialachán (AE) [.../...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas i gcásanna dlí sibhialta, tráchtála agus coiriúil (IO L ...).

haghaidh na gcásanna nach gcumhdaítear faoi Rialachán (AE) [.../...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁷ [*Rialachán maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh*], ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁸.

- (18) Fágann tarchur sonraí neamhstruchtúrtha gur gá idirghabháil de láimh, cruthaítear leis ualach riaracháin breise, agus laghdaítear leis cáilíocht thorthaí na cros-seiceála. Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis náisiúnta inniúla na sonraí a tharchur ar bhealach struchtúrtha agus na híoscheanglais idir-inoibritheachta á n-urramú mar a shainítear iad sa Chreat Eorpach Idir-inoibritheachta³⁹. De bhreis air sin, ba cheart tarchur na sonraí a uathoibriú a mhéid is féidir chun an t-ualach riaracháin ar na húdaráis náisiúnta a laghdú agus chun a áirithiú go soláthrófaí na sonraí is gá go tráthrialta agus go tapa.
- (19) Tá gá le córas bainistithe cásanna nuachóirithe chun go bhféadfaidh Eurojust na sonraí pearsanta íogaire a phróiseáil go slán. Is gá don chóras nua feidhmiúlachtaí an Chláir Breithiúnaigh Eorpaigh Frithsceimhlitheoireachta a chomhtháthú agus a chumasú agus feabhas a chur ar inniúlachtaí Eurojust maidir le naisc a bhrath.
- (20) Tá sé tábhachtach rialú agus freagracht na gcomhaltaí náisiúnta a choinneáil ar bun maidir leis na sonraí, sonraí a fhaigheann siad ó na húdaráis náisiúnta inniúla. Níor cheart sonraí pearsanta oibríochtúla d'aon chineál a roinnt le Ballstát eile mar réamhshocrú. Níor cheart sonraí pearsanta oibríochtúla a roinnt ach a mhéid a údaraíonn údaráis náisiúnta inniúla malartú na sonraí. Chun an obair leantach ar naisc a d'fhéadfadh a bheith ann a dhigiteáil agus dlús a chur léi agus smacht iomlán ar na sonraí á áirithiú, ba cheart cóid láimhseála a thabhairt isteach.
- (21) Is minic a bhíonn tionchar ag gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta ar dhá Bhallstát nó níos mó. Bhí gné thrasnáisiúnta láidir ag an sceimhlitheoireacht cheana féin san am atá thart. Tá méadú suntasach tagtha ar an gcomhar trasnáisiúnta idir ciontóirí sceimhlitheoireachta, áfach, de thoradh úsáid agus infhaighteacht na cumarsáide leictreonaí. Dá bhrí sin, ba cheart cionta sceimhlitheoireachta a mheas per se mar chionta trasnáisiúnta de thoradh a gcineáil, mura léirítear go soiléir le cúinsí sonracha an cháis gur cionta náisiúnta amháin iad.
- (22) Is minic a chuireann an easpa malartaithe sonraí idir na húdaráis náisiúnta imscrúdúcháin agus ionchúisimh bac ar imscrúduithe agus ionchúisimh i gcásanna sceimhlitheoireachta. Chun go bhféadfaí imscrúduithe nua sceimhlitheoireachta a chros-seiceáil le himscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus naisc a d'fhéadfadh a bheith ann a bhunú, is gá na sonraí maidir le haon imscrúdú a rinneadh roimhe seo a stóráil, ní hamháin na sonraí maidir le ciontuithe, agus is gá freisin síneadh a chur leis na teorainneacha ama maidir le

³⁷ Rialachán (AE) [.../...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas i gcásanna dlí sibhialta, tráchtála agus coiriúil (IO L ...).

³⁸ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

³⁹ <https://joinup.ec.europa.eu/collection/nifo-national-interoperability-framework-observatory/european-interoperability-framework>.

stóráil sonraí sa Chlár Breithiúnach Eorpach Frithsceimhlitheoireachta. Is gá a chinntiú, áfach, nach bpróiseálfaí na sonraí sin ach chun críoch ionchúisimh. Ní fhéadfar an fhaisnéis a úsáid ar aon chúis eile ach chun naisc a shainaithint le himscrúduithe agus ionchúisimh leanúnacha agus chun tacú leis na himscrúduithe agus na hionchúisimh sin.

- (23) Tá 12 chomhaontú comhair le tríú tíortha tugtha i gcrích ag Eurojust, comhaontuithe faoina bhféadtar sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú agus ionchúisitheoir idirchaidrimh tríú tír a thabhairt ar iasacht do Eurojust. Thairis sin, faoin gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe⁴⁰ féadtar ionchúisitheoir idirchaidrimh a thabhairt ar iasacht. I Márta 2021 thug an Chomhairle sainordú don Choimisiún⁴¹ comhaontuithe comhair breise a chaibidliú maidir leis an gcomhar idir Eurojust agus 13 thríú stáit eile.
- (24) Cé go bhfuil Rialachán (AE) 2018/1727 ina bhunús dlí don chomhar agus don mhalartú sonraí le tríú tíortha, níl aon riail ann maidir le gnéithe foirmiúla agus teicniúla an chomhair le hionchúisitheoirí idirchaidrimh tríú tír ar iasacht le Eurojust, go háirithe maidir lena rochtain ar an gcóras bainistithe cásanna. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart do Rialachán (AE) 2018/1727 bunús dlí sainráite a sholáthar le haghaidh an chomhair idir Eurojust agus na hionchúisitheoirí idirchaidrimh tríú tír agus le haghaidh a rochtana ar chóras bainistithe cásanna Eurojust. Ba cheart do Eurojust coimircí leordhóthanacha agus bearta slándála a áirithiú maidir le sonraí agus cearta bunúsacha a chosaint, agus ba cheart sin a dhéanamh tríd an socrú teicniúil agus rialacha inmheánacha.
- (25) Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an caidreamh a shoiléiriú idir an malartú faisnéise idir na húdaráis náisiúnta inniúla maidir le cásanna sceimhlitheoireachta agus Eurojust faoi Chinneadh 2005/671/CGB agus Rialachán (AE) 2018/1727. Dá bhrí sin, ba cheart na forálacha ábhartha a scriosadh ó Chinneadh 2005/671/CGB agus iad a chur le Rialachán (AE) 2018/1727.
- (26) Cé go bhfuil údaráis náisiúnta inniúla roinnt Ballstát nasctha cheana féin le nasc slán teileachumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 9 de Chinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle⁴², tá a lán údaráis inniúla ann nach bhfuil nasctha le nasc slán teileachumarsáide ná le cainéil chumarsáide shlána go fóill. Chun a áirithiú go mbeadh a ndóthain ama ag na Ballstáit chun an nasc sin a sholáthar do na húdaráis inniúla, ba cheart idirthréimhse a dheonú le haghaidh an chur chun feidhme.
- (27) [I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.] NÓ [I gcomhréir le hAirteagal 3 agus

⁴⁰ Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10).

⁴¹ Cinneadh (AE) 2021/7072 ón gComhairle an 16 Márta 2021.

⁴² Cinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach (IO L 348, 24.12.2008, lch. 130).

Airteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn [, le litir an ...] gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.]

- (28) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le Seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (29) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an XX/XX 20XX,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1727

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/1727 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Féadfaidh Eurojust cúnaimh a thabhairt i ndáil le himscrúduithe agus ionchúisimh freisin nach ndéanann difear ach do Bhallstát agus do thríú tír nó do Bhallstát agus d’eagraíocht idirnáisiúnta, ar choinníoll go bhfuil comhaontú comhair nó socrú lena mbunaítear comhar de bhun Airteagal 52 tugtha i gcrích leis an tríú tír sin nó leis an eagraíocht idirnáisiúnta sin, nó i gcás sonrach ina bhfuil leas bunúsach ann maidir le cúnaimh den chineál sin a chur ar fáil.’;

- (2) in Airteagal 20, cuirtear isteach an mhír 2a seo a leanas:

‘2a. Ainmneoidh gach Ballstát údarás náisiúnta inniúil mar chomhfhreagraí náisiúnta Eurojust le haghaidh cúrsaí sceimhlitheoireachta. Údarás breithiúnach nó údarás inniúil eile a bheidh sa chomhfhreagraí náisiúnta seo le haghaidh cúrsaí sceimhlitheoireachta. Is féidir níos mó ná údarás amháin a ainmniú i gcás ina gceanglaítear sin leis an gcóras náisiúnta dlí. Beidh rochtain ag an gcomhfhreagraí náisiúnta le haghaidh cúrsaí sceimhlitheoireachta ar an bhfaisnéis ábhartha ar fad i gcomhréir le hAirteagal 21(a)1. Beidh sé inniúil an fhaisnéis sin a bhailiú agus í a sheoladh chuig Eurojust.’;

- (3) leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

‘9. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo difear d’oibligeagáidí eile maidir le faisnéis a tharchur chuig Eurojust.’;

- (b) scriostar mír 10;

- (4) cuirtear an tAirteagal 21a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 21a

Faisnéis maidir le cásanna sceimhlitheoireachta a mhalartú

1. Cuirfidh na húdaráis náisiúnta inniúla a gcomhaltaí náisiúnta ar an eolas maidir leis na nithe seo a leanas: aon imscrúdú coiriúil leanúnach nó críochnaithe faoi mhaoirseacht údaráis bhreithiúnacha, ionchúisimh, imeachtaí cúirte agus cinntí cúirte maidir le cionta sceimhlitheoireachta a luaithe a bhíonn baint ag údaráis bhreithiúnacha leis an gcás.
2. Chun críoch an Airteagail seo, is cionta sceimhlitheoireachta iad na cionta dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*. An oibleagáid dá dtagraítear i mír 1, beidh feidhm aici maidir le gach cion sceimhlitheoireachta bíodh nasc aitheanta ann le Ballstát eile nó le tríú tír nó ná bíodh, seachas más soiléir nach déanann an cás difear, mar gheall ar a chúinsí sonracha, ach d’aon Bhallstát amháin.
3. An fhaisnéis a tharchuirtear i gcomhréir le mír 1, áireofar inti na sonraí pearsanta oibríochtúla agus na sonraí neamhphearsanta a liostaítear in Iarscríbhinn III.
4. Cuirfidh na húdaráis náisiúnta inniúla a gcomhalta náisiúnta ar an eolas gan mhoill maidir le haon athrú ábhartha ar na himeachtaí náisiúnta.

Gan dochar don chéad fhomhír, gach trí mhí ar a laghad déanfaidh na húdaráis náisiúnta an fhaisnéis a tharchuirtear faoi mhír 1 a athbhreithniú agus cuirfidh siad an t-eolas is deireanaí ar fáil maidir léi.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás ina ndéanfaí imscrúduithe reatha nó sábháilteacht duine aonair a chur i mbaol dá ndéanfaí faisnéis a roinnt, ná i gcás ina mbeadh sé contrártha do leasanna bunúsacha shlándáil an Bhallstáit lena mbaineann faisnéis a roinnt.

* Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).’;

- (5) cuirtear an tAirteagal 22a, an tAirteagal 22b agus an tAirteagal 22c seo a leanas isteach:

‘Airteagal 22a

Cumarsáid dhigiteach shlán agus malartú sonraí idir údaráis náisiúnta inniúla agus Eurojust

1. Is tríd an gcóras TF díláraithe mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* [*Rialachán maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh*] a dhéanfar an chumarsáid idir na húdaráis náisiúnta inniúla agus Eurojust faoin Rialachán seo.

2. I gcás nach bhféadfar faisnéis a mhalartú i gcomhréir le mír 1 de dheasca nach mbeidh an córas TF díláraithe ar fáil nó de dheasca imthosca eisceachtúla, malartófar í leis na modhanna malartacha is iomchuí agus is gasta is féidir. Áiritheoidh na Ballstáit agus Eurojust go mbeidh na modhanna malartacha cumarsáide iontaofa agus go gcuirfear leibhéal coibhéiseach slándála ar fáil leo.
3. Déanfaidh na húdaráis náisiúnta inniúla an fhaisnéis a tharchur chuig Eurojust i gcomhréir le hAirteagal 21 agus Airteagal 21a ar bhealach leath-uathoibrithe ó chlár náisiúnta agus ar bhealach struchtúrtha arna bhunú ag Eurojust.

* [Rialachán (AE) [.../...]] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh (IO L ...).

Airteagal 22b

Gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún

1. Glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme is gá chun an córas TF díláraithe le haghaidh na cumarsáide a bhunú agus a úsáid faoin Rialachán seo, lena leagtar amach an méid seo a leanas:
 - (a) na sonraíochtaí teicniúla lena sainítear na modhanna cumarsáide trí mheán leictreonach chun críocha an chórais TF dhíláraithe;
 - (b) na sonraíochtaí teicniúla i dtaca leis na prótacail chumarsáide;
 - (c) na cuspóirí slándála faisnéise agus na bearta teicniúla ábhartha lena n-áirithítear íoschaighdeán slándála faisnéise agus ardchaighdeán chibearshlándála maidir le próiseáil agus cumarsáid faisnéise laistigh den chóras TF díláraithe;
 - (d) na híoschuspóirí infhaighteachta agus na ceanglais theicniúla ghaolmhara fhéideartha i ndáil leis na seirbhísí a sholáthraítear leis an gcóras TF díláraithe;
 - (e) coiste stiúrtha a bhunú a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit chun oibriú agus cothabháil an chórais TF dhíláraithe a áirithiú chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach.
2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh faoin [2 bhliain tar éis dá dteacht i bhfeidhm] i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22c(2).

Airteagal 22c

Nós Imeachta Coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

* Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).’;

- (6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 23, 24 agus 25:

“*Airteagal 23*

Córas Bainistithe Cásanna

1. Bunóidh Eurojust córas bainistithe cásanna chun na sonraí pearsanta oibríochtúla a liostaítear in Iarscríbhinn II, na sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn III agus sonraí neamhphearsanta a phróiseáil.
2. Is iad cuspóirí an chórais bainistithe cásanna:
 - (a) tacú le bainistíocht agus comhordú ar imscrúduithe agus ar ionchúisimh a bhfuil Eurojust ag tabhairt cúnamh ina leith;
 - (b) rochtain shlán ar fhaisnéis maidir le himscrúduithe agus ionchúisimh leanúnacha agus malartú slán na faisnéise sin a áirithiú;
 - (c) cros-seiceáil faisnéise agus bunú trasnasc a cheadú;
 - (d) asbhaint sonraí chun críoch oibríochtúil agus chun críoch staidrimh a cheadú;
 - (e) faireachán a éascú chun a áirithiú go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla dleathach agus go gcomhlíonann sé an Rialachán seo agus na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí.
3. Féadfar an córas bainistithe cásanna a nascadh leis an nasc slán teileachumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 9 de Chinneadh 2008/976/CGB* ón gComhairle agus le bealach slán eile nó bealaí slána eile cumarsáide i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme.
4. Agus a gcuid dualgas á gcomhlíonadh acu, féadfaidh na comhaltaí náisiúnta sonraí pearsanta a phróiseáil faoi na cásanna aonair ar a bhfuil siad ag obair i gcomhréir leis an Rialachán seo nó le haon ionstraim eile is infheidhme.

Déanfaidh siad rochtain ar na sonraí pearsanta a phróiseáiltear sa chóras bainistithe cásanna a cheadú don Oifigeach Cosanta Sonraí.
5. Ní fhéadfaidh Eurojust aon chomhad sonraí uathoibrithe a bhunú seachas an córas bainistithe cásanna chun sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil.

Féadfaidh na comhaltaí náisiúnta sonraí pearsanta a stóráil agus a anailisiú ar bhonn sealadach, áfach, chun a chinneadh an bhfuil sonraí den sórt sin ábhartha do chúraimí Eurojust agus an bhféadfár iad a áireamh sa chóras bainistithe sonraí oibríochtúla. Féadfár na sonraí sin a choimeád ar feadh tréimhse suas le 3 mhí.

Airteagal 24

An fhaisnéis sa chóras bainistithe cásanna a bhainistiú

1. Déanfaidh an comhalta náisiúnta an fhaisnéis a tharchuirtear chuige nó chuici i gcomhréir leis an Rialachán seo nó le hionstraimí eile is infheidhme a stóráil sa chóras bainistithe cásanna.

Beidh an comhalta náisiúnta freagrach as na sonraí arna bpróiseáil ag an gcomhalta náisiúnta sin a bhainistiú.

2. Cinnfidh an comhalta náisiúnta, ar bhonn cás ar chás, an gcoinneofar srian ar an rochtain ar an bhfaisnéis nó an dtabharfar rochtain uirthi nó ar chodanna di, do chomhaltaí náisiúnta eile, d'ionchúisitheoirí idirchaidrimh ar iasacht le Eurojust, do bhail foirne údaráithe Eurojust nó d'aon duine eile a bheidh ag obair thar ceann Eurojust agus a fuair an t-údarú is gá ón Stiúrthóir Riaracháin.
3. Léireoidh an comhalta náisiúnta, i dtéarmaí ginearálta nó sonracha, aon srian ar láimhseáil, rochtain agus aistriú breise na faisnéise má shaináithnítear trasnasc dá dtagraítear in Airteagal 23(2), pointe (c).

Airteagal 25

Rochtain ar an gcóras bainistithe cásanna ar an leibhéal náisiúnta

1. Sa mhéid go bhfuil siad nasctha leis an gcóras bainistithe cásanna ní fhéadfaidh daoine dá dtagraítear in Airteagal 20(3) rochtain a fháil ach ar an méid seo a leanas:
 - (a) sonraí a rialaíonn comhalta náisiúnta a mBallstáit, ach amháin má dhiúltaigh an comhalta náisiúnta a rinne an cinneadh na sonraí a iontráil sa chóras bainistithe sonraí do rochtain den sórt sin go sainráite;
 - (b) sonraí a rialaíonn comhaltaí náisiúnta ó Bhallstáit eile agus a bhfuair comhalta náisiúnta óna mBallstát rochtain orthu, ach amháin má dhiúltaigh an comhalta náisiúnta a rialaíonn na sonraí do rochtain den sórt sin go sainráite.
2. Déanfaidh an comhalta náisiúnta cinneadh, laistigh de na teorainneacha dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo, maidir leis an méid rochtana arna thabhairt ina mBallstát do na daoine dá dtagraítear in Airteagal 20(3) sa mhéid go bhfuil siad nasctha leis an gcóras bainistithe cásanna.

3. Déanfaidh gach Ballstát cinneadh, tar éis dul i gcomhairle lena chomhalta náisiúnta, maidir leis an méid rochtana arna thabhairt sa Bhallstát sin do na daoine dá dtagraítear in Airteagal 20(3) sa mhéid go bhfuil siad nasctha leis an gcóras bainistithe cásanna.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra do Eurojust agus don Choimisiún maidir lena gcinneadh i ndáil le cur chun feidhme na chéad fomhíre. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoi sin.

* Cinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach (IO L 348, 24.12.2008, lch. 130).’;

- (7) Leasaítear Airteagal 27 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Féadfaidh Eurojust catagóirí speisialta de shonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 76 de Rialachán (AE) 2018/1725. I gcás ina dtagraítear d’fhinnéithe nó d’íospartaigh de réir bhrí mhír 2 den Airteagal seo i sonraí eile den sórt sin, is iad na comhaltaí náisiúnta lena mbaineann a dhéanfaidh an cinneadh iad a phróiseáil.’;

(b) cuirtear an mhír 5 seo a leanas isteach:

‘5. I gcás ina ndéantar sonraí pearsanta oibríochtúla a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 21a, féadfaidh Eurojust na sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil a liostaítear in Iarscríbhinn III agus a bhaineann leis na daoine seo a leanas:

- (a) daoine a bhfuil forais thromchúiseacha ann lena chreidiúint, i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann, go bhfuil cion coiriúil déanta acu nó go bhfuil siad ar tí cion coiriúil a dhéanamh, ar cion é a bhfuil Eurojust inniúil ina leith;
- (b) daoine a ciontaíodh as cion den sórt sin.

Féadfaidh Eurojust leanúint de na sonraí pearsanta oibríochtúla dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fomhír a phróiseáil freisin i ndiaidh go dtabharfar na himeachtaí chun críche faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann, fiú i gcás éigiontaithe. I gcás nár eascair ciontú as na himeachtaí, ní fhéadfar sonraí pearsanta a phróiseáil ach chun naisc a shainnithint le himscrúduithe agus ionchúisimh leanúnacha nó críochnaithe eile dá dtagraítear in Airteagal 23(2), pointe (c).’;

- (8) Leasaítear Airteagal 29 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

‘1a. Ní dhéanfaidh Eurojust na sonraí pearsanta oibríochtúla a tharchuirtear i gcomhréir le hAirteagal 21a a stóráil níos faide ná an chéad dáta is infheidhme i measc na ndátaí seo a leanas:

- (a) an dáta a bheidh urchosc ar an ionchúiseamh faoi reacht na dtréimhsí i ngach ceann de na Ballstáit lena mbaineann an t-imscrúdú agus na hionchúisimh;
- (b) 5 bliana tar éis an dáta a raibh an cinneadh breithiúnach sa Bhallstát deireanach lena mbaineann an t-imscrúdú nó an t-ionchúiseamh ina chinneadh críochnaitheach, 3 bliana i gcás éigiontaithe.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

‘2. Déanfar athbhreithniú leanúnach chun a áirithiú go bhfuiltear ag cloí leis na spriocamanna stórála dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 1a den Airteagal seo le próiseáil oiriúnach uathoibrithe arna riar ag Eurojust, go háirithe ón tráth a scoirfidh Eurojust de thacaíocht a sholáthar.

Déanfar athbhreithniú ar an ngá le stóráil na sonraí gach 3 bliana tar éis iontráil na sonraí sin freisin.

Má stóráiltear na sonraí pearsanta oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 27(4) ar feadh tréimhse a sháraíonn cúig bliana, cuirfear an MECS ar an eolas dá réir.

3. Sula dtéann ceann amháin de na spriocamanna stórála dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 1a in éag, déanfaidh Eurojust athbhreithniú ar an ngá atá leis na sonraí pearsanta oibríochtúla a stóráil ar bhonn leantach i gcás inar gá sin agus fad a bheidh gá leis ionas go mbeidh sé in ann a chuid cúraimí a fheidhmiú.

Féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh ar bhonn maolaithe na sonraí sin a stóráil go dtí an chéad athbhreithniú eile ina dhiaidh sin. Maidir leis na cúiseanna atá leis an stóráil leantach, déanfar an bonn cirt atá leo a thabhairt agus iad a thairfeadh. Mura ndéantar aon chinneadh faoi stóráil leantach sonraí pearsanta oibríochtúla tráth an athbhreithnithe, scriosfar na sonraí sin go huathoibríoch.’;

(9) i Roinn III, cuirtear an tAirteagal 54a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 54a

Ionchúisitheoirí idirchaidrimh tríú tír

1. Féadfar ionchúisitheoir idirchaidrimh ó thríú tír a thabhairt ar iasacht do Eurojust bunaithe ar chomhaontú comhair arna thabhairt i gcrích roimh an 12 Nollaig 2019 idir Eurojust agus an tríú tír sin nó bunaithe ar chomhaontú idirnáisiúnta idir an tAontas agus an tríú tír de bhun Airteagal 218 CFAE lenar féidir ionchúisitheoir idirchaidrimh a thabhairt ar iasacht.
2. Leagfar amach cearta agus oibleagáidí an ionchúisitheora idirchaidrimh sa chomhaontú comhair nó sa chomhaontú idirnáisiúnta dá dtagraítear i mír 1 nó sa socrú oibre arna thabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 47(3).
3. Ionchúisitheoirí idirchaidrimh a thugtar ar iasacht do Eurojust, deonófar rochtain dóibh ar an gcóras bainistithe cásanna chun sonraí a mhalartú go slán.

Aistrithe sonraí pearsanta oibríochtúla chuig ionchúisitheoirí idirchaidrimh tríú tír tríd an gcóras bainistithe cásanna, ní fhéadfar iad a dhéanamh ach faoi na rialacha agus na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo, sa chomhaontú leis an tír lena mbaineann nó in ionstraimí dlí eile is infheidhme.

Airteagal 24(1), an dara abairt agus Airteagal 24(2), beidh feidhm *mutatis mutandis* acu maidir le hionchúisitheoirí idirchaidrimh.

Is é an Coláiste a leagfaidh síos na coinníollacha mionsonraithe maidir le rochtain.’;

(10) In Airteagal 80, cuirtear na míreanna 8, 9 agus 10 seo a leanas isteach:

‘8. Féadfaidh Eurojust leanúint den chóras bainistithe cásanna a úsáid a bheidh comhdhéanta de chomhaid oibre shealadacha agus d’innéacs go dtí an [*an chéad lá den mhí tar éis na tréimhse dhá bhliain tar éis ghlacadh an Rialacháin seo*], mura mbeidh an córas bainistithe cásanna nua i bhfeidhm go fóill.

9. Féadfaidh na húdaráis inniúla agus Eurojust leanúint de chainéil eile cumarsáide a úsáid seachas iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 22a(1) go dtí an [*an chéad lá den mhí tar éis na tréimhse dhá bhliain tar éis ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 22b den Rialachán seo*], mura mbeidh na cainéil chumarsáide sin ar fáil le haghaidh malartú díreach eatarthu go fóill.

10. Féadfaidh na húdaráis inniúla agus Eurojust leanúint d’fhaisnéis a sholáthar ar bhealaí eile seachas go leath-uathoibríoch i gcomhréir le hAirteagal 22a(3) go dtí an [*an chéad lá den mhí tar éis na tréimhse dhá bhliain tar éis ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 22b den Rialachán seo*], mura mbeidh na ceanglais theicniúla i bhfeidhm go fóill.’;

(11) cuirtear an Iarscríbhinn III seo a leanas isteach:

‘Iarscríbhinn III:

(a) faisnéis chun an duine faoi amhras, an cosantóir, an duine ciontaithe nó an duine éigíontaithe a shainaithint:

- sloinne (ainm teaghlaigh);
- céadainmneacha (ainmneacha baiste, ailias);
- dáta breithe;
- áit bhreithe (baile agus tír);
- náisiúntacht nó náisiúntachtaí;
- doiciméad aitheantais,
- inscne;

(b) faisnéis faoin gcion sceimhlitheoireachta:

- rangú dlí an chiona faoin dlí náisiúnta;
 - an fhoirm coireachta tromchúisí is infheidhme ón liosta dá dtagraítear in Iarscríbhinn I;
 - cleamhnacht le grúpa sceimhlitheoireachta;
 - an cineál sceimhlitheoireachta, amhail jiohadach, scarúnachas, an eite chlé, an eite dheis;
 - achoimre ghairid ar an gcás;
- (c) faisnéis faoi na himeachtaí náisiúnta:
- stádas na n-imeachtaí náisiúnta;
 - oifig an ionchúisitheora phoiblí fhreagraigh;
 - cás-uimhir;
 - dáta oscailte imeachtaí breithiúnacha foirmiúla;
 - naisc le cásanna ábhartha eile;
- (d) faisnéis chun an duine faoi amhras a shainiú, más ann di, le haghaidh na n-údarás náisiúnta inniúil:
- sonraí méarlorg a bailíodh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta le linn imeachtaí coiriúla;
 - grianghraif.³

Airteagal 2

Leasuithe ar Chinneadh 2005/671/CGB

Leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB mar a leanas:

- (1) in Airteagal 1, scriostar pointe (c).
- (2) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:
 - (a) scriostar mír 2;
 - (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go dtarchuirtear chuig Europol, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, an fhaisnéis sin ar a laghad dá dtagraítear i mír 4 maidir le himscrúduithe coiriúla i ndáil le cionta

sceimhlitheoireachta a dhéanann difear nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do dhá Bhallstát nó níos mó, ar faisnéis í a bhailíonn an t-údarás ábhartha.

* Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).’;

(c) scriostar mír 5.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

Ábhair

1.	LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH.....	28
1.1.	Teideal an togra/tionscnaimh	28
1.2.	Réimsí beartais lena mbaineann.....	28
1.3.	Baineann an togra/tionscnamh le:	28
1.4.	Cuspóirí.....	28
1.4.1.	Cuspóirí ginearálta	28
1.4.2.	Cuspóirí sonracha.....	29
1.4.3.	An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann.....	30
1.4.4.	Táscairí feidhmíochta.....	30
1.5.	Forais an togra/tionscnaimh	30
1.5.1.	Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh	30
1.5.2.	Breislúach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breislúach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain mar thoradh ar chomhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breislúach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.	31
1.5.3.	Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart	31
1.5.4.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile	32
1.5.5.	Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n- áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh.....	33
1.6.	Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh	34
1.7.	Modhanna bainistíochta atá beartaithe.....	34
2.	BEARTA BAINISTÍOCHTA.....	36
2.1.	Rialacha faireacháin agus tuairiscithe.....	36
2.2.	Córais bhainistíochta agus rialúcháin	36
2.2.1.	An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe.....	36

2.2.2.	Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialúcháin inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú.....	37
2.2.3.	Meastachán ar chost- éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas ‘costais rialúcháin ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú’) agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh).....	37
2.3.	Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc.....	37
3.	AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH	38
3.1.	Ceannteidil an chreat airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar.....	38
3.2.	An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe	39
3.2.1.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	39
3.2.2.	An t- aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	41
3.2.3.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe riaracháin.....	43
3.2.4.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha	50
3.2.5.	Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe.....	50
3.3.	An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam	51

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1727 agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Réimse beartais: An ceartas agus cearta bunúsacha

Gníomhaíocht: Infheistíocht i ndaoine, comhtháthú sóisialta agus luachanna

071007: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust)

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

beart nua

beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart⁴³

síneadh ar bheart atá ann cheana

beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

Bunaíodh Eurojust mar chomhlacht idir-rialtasach chun imscrúduithe ar choireacht thromchúiseach trasteorann san Eoraip agus i gcéin a chomhordú le Cinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle. Tá Conradh Liospóin tar éis struchtúr colúnach an Aontais Eorpaigh a dhíothú agus réimse na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais a chur ar chomhréim leis an *acquis communautaire*. Bunaíodh le Rialachán (AE) 2017/1727 creat dlíthiúil nua do Ghníomhaireacht nua an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), de réir mar a cheanglaítear faoi Airteagal 85 CFAE.

Ó bunaíodh in 2002 é, is cuid de shainordú Eurojust an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Tá bunú Chlár Breithiúnach Frithsceimhlitheoireachta na hEorpa (CFS).i mí Mheán Fómhair 2019 ar cheann de phríomhghnéithe obair Eurojust sa réimse seo. Tá Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle ina bhunús dlí don CFS. De bharr gur

⁴³ Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

ceapadh agus gur comhaontaíodh Rialachán Eurojust sular bunaíodh an CFS, níor foráladh don CFS agus a chuid feidhmeanna i Rialachán Eurojust. Ina theannta sin, ní féidir le córas bainistithe cásanna Eurojust atá as dáta go teicniúil uirlis réamhghníomhach amhail an CFS a chomhtháthú agus a urramú.

Mar fhreagairt ar na riachtanais oibríochtúla práinneacha seo fógraíodh tionscnamh reachtach maidir le malartú digiteach faisnéise i gClár Oibre an Choimisiúin do 2020 i ndáil le cásanna sceimhlitheoireachta trasteorann mar chuid den phacáiste um chomhar breithiúnach digiteach.

Is é an cuspóir ginearálta Eurojust a chumasú chun a ról níos láidre agus níos réamhghníomhaí maidir le tacú leis na Ballstáit ina n-imscrúduithe, go háirithe i gcásanna sceimhlitheoireachta, a chomhlíonadh i gcomhréir le misean Eurojust tacú agus treisiú leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir na húdaráis náisiúnta imscrúdúcháin agus ionchúisimh maidir leis an gcoireacht thromchúiseach.

1.4.2. *Cuspóirí sonracha*

Tagann na cuspóirí sonracha ón gcuspóir ginearálta mar a leagtar amach thuas:

Cuspóir sonrach Uimh. 1:

Eurojust a chumasú chun naisc a shainathint ar bhealach níos éifeachtúla agus aiseolas réamhghníomhach a sholáthar do na Ballstáit.

Cuspóir sonrach Uimh. 2:

Chun malartú sonraí idir na Ballstáit, Eurojust agus 3ú tíortha a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos sláine.

1.4.3. *An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithhe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Leis an tionscnamh meastar go gcomhtháthófar an CFS go dleathach agus go teicniúil sa chóras bainistithe cásanna chun Eurojust a chumasú naisc idir imeachtaí comhthreomhara trasteorann i gcásanna sceimhlitheoireachta agus i gcásanna eile na coireachta tromchúisí a shainaithint agus aiseolas a thabhairt do na Ballstáit.

1.4.4. *Táscairí feidhmíochta*

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

- Méid na faisnéise arna seoladh ag gach Ballstát son CFS i gcoibhneas leis an oiread foriomlán faisnéise arna seoladh ag Ballstáit agus a cáilíocht fhoriomlán;
- Líon na nasc arna bunaíodh i gcásanna frithsceimhlitheoireachta agus i gcásanna na coireachta tromchúisí;
- Líon an aiseolais arna seoladh ó Eurojust chuig na Ballstáit;
- Líon na gcásanna oibriúcháin arna tacú le rannpháirtíocht na dtríú Stát;

1.5. **Forais an togra/tionscnaimh**

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Beidh gá le bearta teicniúla agus nós imeachta ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal náisiúnta le haghaidh chur chun feidhme céimneach an tionscnaimh reachtaigh, a gcuirfear tús leis nuair a thiocfaidh an reachtaíocht athbhreithnithe i bhfeidhm.

Is iad seo a leanas na príomhcheanglais a leanann theacht i bhfeidhm an togra:

- Go gcuirfidh Eurojust córas bainistithe cásanna úr nua-aimseartha de chuid Eurojust chun feidhme, rud a chomhtháthódh an CFS agus a áiríteodh an cumas nascadh le bealaí slána cumarsáide agus sonraí struchtúrtha a phróiseáil.
- Go n-áiritheoidh Eurojust agus na Ballstáit fáil a bheith ar bhealaí slána cumarsáide.
- Go n-áiritheoidh na Ballstáit fáil a bheith ar bhonneagar riachtanach chun sonraí a uaslódáil ar bhealach leath-uathoibríoch agus struchtúrtha.

Bunaithe ar thorthaí an staidéir ar Cheartas Coiriúil Digiteach agus i ngeall ar phráinn na hathnuachana ar chóras nua bainistithe cásanna, tá na céad

réamhchéimeanna don athnuachan tógtha ag Eurojust cheana féin. Sainordaíodh leis staidéar anailís mhargaidh, lena bhfiosraítear go domhain an réiteach is iomchuí.

Ag deireadh 2021, tugadh EUR 9,5 milliún ó chistí nár chaith Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) do Eurojust, cistí a úsáidfeadh chun forbairt an chórais bhainistithe cásanna a ullmhú tuilleadh. Sainordóidh Eurojust seirbhísí comhairliúcháin chun tacú leis an gcéim anailíse, deartha agus forbartha. Do na seirbhísí sin, tá Eurojust ag súil le caiteachas EUR 2,3 milliún. Don cheannach bonneagair agus seirbhísí réamhdhéanta bogearraí agus suiteála a leanas, táthar ag súil le 5,2 milliún. Ar deireadh, caithfeadh EUR 2 mhilliún ar sheirbhísí comhairliúcháin de réir mheastachán Eurojust chun bainistiú clár agus tionscadal, athruithe riaracháin agus rialachas a sholáthar.

- 1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluch a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain mar thoradh ar chomhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Sa lá atá inniu ann, bíonn gníomhaíochtaí coirpeach níos casta, níos ilghnéithí agus níos idirnáisiúnta ná riamh. Tá mórlíonraí sceimhlitheoireachta agus coiriúla ina mbagairt shuntasach ar shlándáil inmheánach an AE agus a chuid saoránach. Tá gníomhaíochtaí coiriúla ag éirí níos ilchoiriúla agus ag feidhmiú trasna teorainneacha níos mó. Ní féidir le húdaráis bhreithiúnacha náisiúnta a bheith ag obair ina n-aonar a thuilleadh; ní mór dóibh dul i gcomhar lena chéile agus le Eurojust.

Chun an sceimhlitheoireacht a ionchúiseamh, tá malartú éifeachtúil faisnéise idir na húdaráis inniúla agus gníomhaireachtaí an Aontais ríthábhachtach. Leis an méadú nua atá tagtha ar throdaithe eachtracha sceimhlitheoireachta, is léire an tábhacht a bhaineann le malartú faisnéise idir na Ballstáit agus le Eurojust.

Leis an dícheangal atá ann faoi láthair idir cásobair Eurojust agus an fhaisnéis a fuarthas tríd an CFS, cuirtear bac ar Eurojust aiseolas tráthúil agus réamhghníomhach a chur ar fáil do na húdaráis náisiúnta i gcásanna sceimhlitheoireachta trasteorann, lena gcailltear naisc a d'fhéadfadh a bheith ann agus sainaitheant imscrúduithe agus ionchúiseamh dúblach ar cheart a bheith nasctha. Féadfaidh an dícheangal sin cur isteach ar iarrachtaí Eurojust easaontachtaí dlínse agus cásanna *ne bis in idem* a sheachaint

Leis an tionscnamh meastar go gcuirfeadh ar chumas Eurojust naisc idir cásanna sceimhlitheoireachta a shainaithint ar bhealach níos réamhghníomhaí, obair leantach réamhghníomhach a dhéanamh ar na naisc sin agus aiseolas tráthúil a thabhairt do na Ballstáit. Ní féidir na tascanna agus na seirbhísí seo a dhéanamh ach amháin ag leibhéal an Aontais, i ngeall ar a gcineáil thrasnáisiúnta. In éineacht leis an mBallstát agus a chomhpháirtithe idirnáisiúnta, déanfaidh Eurojust áit níos sábháilte den Eoraip dá saoránaigh uile.

Diríonn an togra seo ar an ngá le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála thrasnáisiúnta atá ag forbairt i gcónaí, thar an leibhéal náisiúnta. Is léir ar an taithí go

bhfuil ríthábhacht ag baint leis an gceartas cóiriúil éifeachtach agus le malartú sonraí tapa agus slán. Gan bonneagar leordhóthanach TF, níl malartú slán, struchtúrtha sonraí ná cros-seiceáil chuí na sonraí indéanta. Dá bhrí sin, níl sainaitheint struchtúrtha na nasc idir cásanna trasteorann indéanta ach oiread gan bealaí slána cumarsáide agus Córas Bainistithe Cásanna nua-aimseartha. [Cuireann an togra seo leis na ceachtanna a foghlaimíodh agus leis an dul chun cinn a baineadh amach ó tháinig Rialachán Eurojust 2019 i bhfeidhm. Déanann an togra difear den chuid is mó do ról Eurojust atá níos tábhachtaí gcónaí mar idirghabhálaí idir na Ballstáit agus tríú tíortha i gcomhar breithiúnach.](#)

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Cuireann an togra leis an ngá atá ann an fhreagairt bhreithiúnach a chomhordú ar an gcoireacht thrasnáisiúnta atá ag forbairt i gcónaí thar an leibhéal náisiúnta amháin.

Tá tírdhreach slándála a bhíonn ag síorathrú os comhair na hEorpa, tráth atá bagairtí slándála ag forbairt agus ag éirí níos casta. Baineann coirpigh leas as na buntáistí a thagann chun cinn leis an gclaochlú digiteach, le teicneolaíochtaí nua, domhandú agus soghluaisteacht, lena n-áirítear idirascacht agus doiléire na dteorainneacha idir an domhan fisiceach agus an domhan digiteach. Chuir géarchéim COVID-19 leis sin, toisc gur thapaigh coirpigh deiseanna go tapa chun leas a bhaint as an ngéarchéim trína modhanna oibríochta a oiriúnú nó gníomhaíochtaí nua coiriúla a fhorbairt.

Léirigh an phaindéim an tábhacht fhoriomlán a bhaineann le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh ar mhaithe le feidhmiú na mbreithiúna. Ina theannta sin, d'éirigh an comhar breithiúnach le tríú tíortha in imscrúduithe coiriúla maidir le coireanna sceimhlitheoireachta agus le croí-choireanna eile

idirnáisiúnta níos ábhartha, go háirithe a mhéid a bhaineann le coireanna a rinne Da'esh.

Éilíonn gníomhaíochtaí coiriúla a bhíonn ag forbairt i gcónaí tacaíocht éifeachtach ar leibhéal an Aontais d'obair na n-údarás breithiúnach náisiúnta dlí. Tá údarás bhreithiúnacha dlí na mBallstát tar éis úsáid níos mó a bhaint as an tacaíocht agus as an saineolas a thairgeann Eurojust, chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Cuireann an togra seo leis na ceachtanna a foghlaimíodh agus leis an dul chun cinn a baineadh amach ó tháinig Rialachán Eurojust 2018 i bhfeidhm agus ó bunaíodh an CFS. Ní raibh an ról a bheadh ag na tríú tíortha intuairthe nuair a bhí an Rialachán Eurojust á chaibidil ag na comhreachtóirí.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Dlúthchuid de limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chruthú is ea comhar breithiúnach a threisiú i gcúrsaí coiriúla.

Tagann feabhsú an mhalartaithe dhigitigh sonraí ar chásanna sceimhlitheoireachta agus nuachóiriú córais bhainistithe cásanna Eurojust le Straitéis an Aontais um an

Aontas Slándála,⁴⁴ leis an gClár Oibre Frithsceimhlitheoireachta don Aontas Eorpach,⁴⁵ leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Digiteáil an Cheartais⁴⁶ agus le Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe⁴⁷.

Leag Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um Aontas Slándála, a foilsíodh mí Iúil 2020, béim ar an nasc idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach agus ar thábhacht an chomhair chun cearta na saoránach a chosaint go héifeachtach. Dearbhaíodh i gClár Oibre nua Frithsceimhlitheoireachta don Aontas Eorpach gur mórdhúshlán fós iad coireanna sceimhlitheoireachta d'údaráis forfheidhmithe dlí agus ionchúisimh na mBallstát, lena n-éilítear tuilleadh iarrachtaí chun comhoibriú eatarthu a neartú, le tacaíocht ó Europol agus ó Eurojust. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe, léirigh an Coimisiún a chuid tacaíochta maidir le córas bainistithe cásanna Eurojust a nuachóiriú chun cuidiú le Eurojust aiseolas a sholáthar do na húdaráis náisiúnta agus naisc bhreithiúnacha a fhorbairt idir imscrúduithe leanúnacha.

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Digiteáil an Cheartais san Aontas, tagraítear don togra reatha mar chuid den bhosca foriomlán uirlisí de dheiseanna digiteáil bhreise an cheartais. Áirítear an togra sin i gClár Oibre an Choimisiúin le haghaidh 2021. Baineann an togra freisin le togra reatha an Choimisiúin le haghaidh Rialachán maidir le córas ríomhairithe le haghaidh cumarsáid trasteorann in imeachtaí sibhialta agus coiriúla (e-CODEX) agus leasaítear leis Rialachán (AE) 2018/1726 atá a gcaibidliú faoi láthair idir na comhreachtóirí.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na feidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Ó tháinig Rialachán Eurojust i bhfeidhm, tá treocht ann i dtreo fás ar shreafaí sonraí na gníomhaireachta agus ar an éileamh ar a cuid seirbhísí. Níor cuireadh san áireamh riamh i mbuiséid a bhí ann roimhe, áfach, acmhainní airgeadais chun córas as dáta bainistithe cásanna Eurojust a athchóiriú.

Tabharfaidh an togra tascanna nua isteach i Rialachán Eurojust agus soiléireofar tascanna eile leis freisin, agus é mar aidhm aige Eurojust a dhéanamh oiriúnach don ré dhigiteach. Ní féidir digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh a chur chun feidhme gan córas nua bainistithe cásanna, le tacaíocht ó acmhainní airgeadais agus daonna.

Ag deireadh 2021, tugadh EUR 9,5 milliún ó chistí nár chaith Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) do Eurojust, chun forbairt agus cur chun feidhme an chórais nua bhainistithe cásanna a ullmhú. Déanfar an chuid eile den chaiteachas a mhaoiniú ón éarlais faoi cheannteideal 2b den CAI.

⁴⁴ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um Aontas Slándála, COM(2020) 605, críochnaitheach.

⁴⁵ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Clár Oibre Frithsceimhlitheoireachta don Aontas, COM(2020) 795 críochnaitheach

⁴⁶ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Digiteáil an cheartais san Aontas - Bosca uirlisí de dheiseanna, COM(2020) 710 críochnaitheach, 2.12.2020.

⁴⁷ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe 2021-2025 (COM(2021) 170 críochnaitheach.

1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

tréimhse theoranta

- i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

tréimhse neamhtheoranta

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe⁴⁸

Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún trí

- na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

Bainistíocht indíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71;

comhlachtaí dlí poiblí;

comhlachtaí a rialaítear leis an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraíonn siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

comhlachtaí a rialaítear leis an dlí príobháideach Ballstáit, a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V den CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Nótaí

Comhcheanglaítear sna figiúirí ar acmhainní daonna agus airgeadais an méid iomlán a bhfuiltear ag súil leis do chur chun feidhme an CFS, an córas nua bainistithe cásanna agus ceanglais eile a eascraíonn as an staidéar ar Cheartas Coiriúil Digiteach beartaithe don

⁴⁸ Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid:
<https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx>

tréimhse idir 2024 agus 2027, lúide an EUR 9,5 milliún a leithdháileadh ar Eurojust cheana féin sa dara leath de 2021. Áirítear leis riachtanais bhreise airgeadais don chur chun feidhme teicniúil (lena n-áirítear costais oibríochta agus cothabhála) chomh maith le riachtanais foirne. Áirítear an CFS leis na costais don chóras bainistithe cásanna, toisc go mbeidh an CFS ina chuid dhílis den chóras bainistithe cásanna. Tá comhtháthú teicniúil an CFS ar cheann de chuspóirí an tionscnaimh. Ina theannta sin, tá an córas nua bainistithe cásanna ceaptha mar shampla sraith comhtháthaithe a áireamh, lena n-áirithítear idir-inoibritheacht faoi mar a cheanglaítear leis an staidéar ar Cheartas Coiriúil Digiteach.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.

Beidh faireachán agus meastóireacht ar chur chun feidhme mhalartú sonraí na gníomhaireachta tábhachtach chun éifeachtúlacht Eurojust a áirithiú. Maidir leis an bhfaireachán agus an tuairisciú a dhéanfar ar an togra, leanfar na prionsabail a leagtar amach i Rialachán Eurojust⁴⁹ agus i gcomhréir leis an Ráiteas Comhpháirteach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe⁵⁰.

Sa bhreis ar na rialacha rialachas cothrománach is infheidhme ar ghníomhaireachtaí, ní mór do Eurojust Doiciméad Clársceidealaithe Aonair a sheoladh chuig an gCoimisiún, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle go sonrach gach bliain, ina mbíonn cláir oibre bhliantúla agus ilbhliantúla agus clársceidealú acmhainní. Leagfar amach sa doiciméad clársceidealaithe aonair na cuspóirí, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus na táscairí feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar ghnóthachtáil na gcuspóirí agus na dtorthaí.

Déanann Eurojust a chuid oibre a thuairisc i dtuarascáil mhionléirithe bhliantúil. Tarchuireann Eurojust an tuarascáil bhliantúil sin chuig an bParlaimint, chuig an gComhairle agus chuig na parlaimintí náisiúnta. Ina theannta sin, cuireann Eurojust an parlaimint agus na parlaimintí náisiúnta ar an eolas faoi socruithe oibre arna dtabhairt i gcrích le tríú páirtithe.

Coimisiúnóidh an Coimisiún meastóireacht sheachtrach neamhspleách ar chur chun feidhme an Rialacháin agus ar ghníomhaíochtaí Eurojust faoin 13 Nollaig 2023 agus gach 5 bliana tar éis sin chun cur chun feidhme agus tionchar an rialacháin, chomh maith le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht Eurojust a mheas, Airteagal 69(1) de Rialachán Eurojust.

2.2. Córais bhainistíochta agus rialúcháin

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Ós rud é go mbeidh tionchar ag an togra ar ranníocaíocht bhliantúil an Aontais chuig Eurojust, cuirfear buiséad an Aontais chun feidhme trí bhainistíocht indíreach.

De bhun phrionsabal na bainistíochta fóna airgeadais, cuirfear buiséad Eurojust chun feidhme i gcomhréir le rialú inmheánach éifeachtach agus éifeachtúil.

⁴⁹ Rialachán (AE) 2017/1727.

⁵⁰

https://europa.eu/european-union/sites/default/files/docs/body/joint_statement_and_common_approach_2012_ga.pdf.

Maidir le rialuithe ex-post, tá Eurojust, mar ghníomhaireacht dhílártaite, faoi réir an méid seo a leanas go háirithe:

- iniúchadh inmheánach arna dhéanamh ag an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach de chuid an Choimisiúin;
- tuarascálacha bliantúla ón gCúirt Iniúcháirí, lena dtugtar ráiteas dearbhaithe maidir le hiontaofacht na gcuntas bliantúil agus dlíthiúlacht agus rialtacht na n- idirbheart is bun leo;
- urscaoileadh bliantúil a dheonaíonn Parlaimint na hEorpa;
- imscrúduithe féideartha arna ndéanamh ag OLAF chun a áirithiú, go háirithe, go mbainfear úsáid cheart as na hacmhainní a leithdháiltear ar ghníomhaireachtaí;
- ar deireadh, cuireann an tOmbudsman Eorpach sraith bhreise rialúcháin agus cuntasachta ar fáil ag Eurojust.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialúcháin inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Níor sainaithníodh aon rioscaí sonracha maidir le córais bainistíochta agus rialaithe ag an gcéim seo. Tá Eurojust faoi réir rialuithe riaracháin lena n-áirítear rialú buiséadach, iniúcháireacht inmheánach, tuarascálacha bliantúla ag Cúirt Iniúcháirí na hEorpa agus an tarscaoileadh bliantúil chun buiséad an AE a fheidhmiú mar a leagtar amach thuas.

2.2.3. *Meastachán ar chost- éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas ‘costais rialúcháin ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú’) agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Tuairiscíonn an Coimisiún ar an gcóimheas “costais/íocaíocht rialaithe na gcistí gaolmhara arna mbainistiú”. Tuairiscítear i dTuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí 2020 AS JUST gurb é 0.74 % an cóimheas i ndáil le hEintitis a gCuirtear Bainistíocht Indíreach de Chúram Orthu agus Gníomhaireachtaí Dilártaite, agus Eurojust san áireamh.

Dheimhnigh Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE) dlíthiúlacht agus rialtacht chuntais bhliantúla Eurojust le haghaidh 2019, lena dtugtar ráta earráide faoi bhun 2 % le fios. Ní thugann aon ní le fios go n- éireoidh an ráta earráide sin níos measa sna blianta amach romhainn. Do 2020, tá sé dearbhaithe go sealadach freisin bunaithe ar fhíorú chuntais bhliantúla Eurojust ag iniúcháir seachtrach neamhspleách. Tá tuairim CIE maidir le hiontaofacht na gcuntas faoi réir daingniú ó CIE maidir le hiontaofacht thorthaí an iniúcháir neamhspleách agus tá sé fós ar feitheamh.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchhalaoise.

Léirítear na bearta a bhaineann leis an gcalaois, an éillithe agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chomhrac, inter alia, in Airteagal 75 de Rialachán Eurojust. Glacfaidh Eurojust páirt go háirithe i ngníomhaíochtaí coisctheacha i ndáil le calaois ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas gan mhoill faoi chásanna ina dtoimhdítear calaois agus neamhrialtachtaí airgeadais eile

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN ⁵¹ .	ó thíortha de chuid CSTE ⁵²	ó thíortha is iarrthóirí ⁵³	ó thíortha	de réir bhí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
2b	071007	LD/LN.	NÍL	NÍL	TÁ	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN.	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí	ó thíortha	de réir bhí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
	[XX.YY.YY.YY]		TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

⁵¹ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

⁵² CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

⁵³ Thíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- Éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	Ceannteideal 7-Infheistíocht i nDaoine, Comhtháthú Sóisialta agus Luachanna
--	--------	---

[Comhlacht]: Eurojust			Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
Teideal 1 Caiteachas foirne	Gealltanais	(1)	1,125	2,683	3,376	3,981	11,165
	Íocaíochtaí	(2)	1,125	2,683	3,376	3,981	11,165
Teideal 2: Caiteachas ar bhonneagar agus caiteachas oibríochtúil	Gealltanais	(1a)					
	Íocaíochtaí	(2a)					
Teideal 3: Caiteachas oibríochtúil ⁵⁴	Gealltanais	(3a)	1,033	8,128	7,027	5,390	21,577
	Íocaíochtaí	(3b)	0,578	4,780	6,458	9,771	21,577
IOMLÁN leithreasuithe do Eurojust	Gealltanais	=1+1a +3a	2,158	10,811	10,403	9,371	32,743
	Íocaíochtaí	=2+2a +3b	1,693	7,463	9,834	13,752	32,743

⁵⁴ Áirítear costais oibríochta agus cothabhála leis na costais theicniúla faoi Theideal 3 mar na costais uile a bhaineann leis an gcóras bainistithe cásanna agus tá siad geallta faoi láthair faoi Theideal 3.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	‘Caiteachas riaracháin’
--	----------	-------------------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

			Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
Ard-Stiúrthóireacht: JUST							
• Acmhainní Daonna			0,238	0,238	0,238	0,238	0,952
• Caiteachas riaracháin eile			0	0	0	0	0
IOMLÁN AS JUST	Leithreasuithe						

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)	0,238	0,238	0,238	0,238	0,952
--	--	-------	-------	-------	-------	--------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2024 ⁵⁵	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANTEIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	2,396	11,049	10,641	9,609	33,695
	Íocaíochtaí	1,931	7,701	10,072	13,99	33,695

3.2.2. *An t- aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir			Bliain 2024		Bliain 2025		Bliain 2026		Bliain 2027		IOMLÁN	
	Sagha ⁵⁶	Meán chostais	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
↓												
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 ⁵⁷ Eurojust a chumasú chun naisc idir imscrúduithe agus ionchúisimh												

⁵⁵ Is í bliain N an bhliain a chuirfeadh tús le cur chun feidhme an togra/tionscnamh. Cuir isteach an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann in ionad ‘N’(mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

⁵⁶ Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

⁵⁷ Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. ‘Cuspóirí sonracha’

chomhthreomhara trasteorann maidir le cionta sceimhlitheoireachta a shainnithint ar bhealach níos éifeachtúla agus aiseolas a sholáthar ar na naisce seo do na Ballstáit										
- Aschur	Naisce idir cásanna trasteorann arna mbunú ag Eurojust a		1,835		9,190		8,843		7,965	27,832
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2 Chun malartú sonraí idir na Ballstáit, Eurojust agus 3ú tíortha a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos sláine.										
- Aschur	Sonraí pearsanta a fuarthas go slán ó na Ballstáit chuig Eurojust		0,108		0,541		0,520		0,469	1,637
- Aschur	Sonraí pearsanta a aistríodh i mbealach struchtúrtha, leath-uathoibríthe		0,108		0,541		0,520		0,469	1,637
- Aschur	Faisnéis arna malartú le 3 ^ú tíortha		0,108		0,541		0,520		0,469	1,637
Fo-iomlán do chuspóir sonracha Uimh. 2			0,324		1,622		1,560		1,406	4,911
COSTAS IOMLÁN			2,158		10,811		10,403		9,371	32,743

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe riaracháin

3.2.3.1. Achoimre

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe de chineál riaracháin
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos⁵⁸:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
--	----------------	----------------	----------------	----------------	--------

Foirme sealadacha (Gráid AD)	0,952	2,337	2,943	3,289	9,521
Foirme sealadacha (gráid AST)	0,173	0,346	0,433	0,0,692	1,644
Baill foirne ar conradh					
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht					

IOMLÁN	1,125	2,683	3,376	3,981	11,165
---------------	--------------	--------------	--------------	--------------	---------------

Riachtanais foirne⁵⁹ (FTE):

	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
--	----------------	----------------	----------------	----------------	--------

Foirme sealadacha (Gráid AD)	11	16	18	20	20
Foirme sealadacha (gráid AST)	2	2	3	5	5
Baill foirne ar conradh					
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht					

⁵⁸ Tá na meastacháin chostais don fhoireann carnach agus rinneadh iad ar bhonn an mheánchostais do bhaill shealadacha foirne agus baill foirne ar conradh, arna n-innéacsú leis an gcomhéifeacht ceartúcháin don Ísiltír ó 07/2020 ar aghaidh (113.9%).

⁵⁹ Carnach. Baineann an uimhir a léirítear faoi gach bliain le líon na mball foirne ó bhliain/blianta roimhe agus na mball foirne nua-earcithe. Bainfeadh líon iomlán na foirne nua (25) amach in 2027.

IOMLÁN	13	18	21	25	25
--------	----	----	----	----	----

Tá dátaí earcaíochta beartaithe do lár na bliana. Do gach bliain úr, tugadh meastachán ar 50% de chostais na mball foirne nua-earcaithe. Ní dhearnadh aon toimhdí maidir le méadú féideartha den innéacsú tuarastail ná maidir leis an gcomhéifeacht ceartúcháin don Ísiltír.

Sonraí maidir le méadú foirne:

Cuspóir sonrach	Baill foirne bhreise
Cuspóir sonrach uimh. 1: Eurojust a chumasú chun naisc a shainaithint ar bhealach níos éifeachtúla agus aiseolas réamhghníomhach a sholáthar do na Ballstáit.	Tá gá le 2*Anailiseoir Sonraí Cásanna chun a áirithiú go bhfuil Rialachán Eurojust agus comhaontuithe (le Ballstáit, le 3ú Tíortha agus le Gníomhaireachtaí) chomh maith le creat dlíthiúil an Aontais atá ann ar mhalartú faisnéise, ar dhigiteáil agus ar idir-inoibritheacht á gcomhlíonadh ag an gcóras bainistithe cásanna <i>Líon measta FTEanna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):</i> 2024: +1; 2025: +1
	Tá gá le 2* Oifigeach Bainistithe Sonraí chun páirt a ghlacadh i meastóireacht agus i roghnú an chórais bhainistithe cásanna, chun cuidiú le claochlú, anailís ar na ceanglais agus céimeanna deartha an ghnó, le cur chun feidhme agus glacadh an chórais nua bhainistithe cásanna agus a chomhtháthú le córais eile (e.g. Amas a Fháil/Gan Amas a Fháil), le tionscadail eile (e.g. e-CODEX, e-EDES) agus le tionscadail an Chreata Idir-inoibritheachta (SIS II etc.) agus chun a áirithiú go gcuirtear na beartais agus nósanna imeachta cearta i bhfeidhm chun na sonraí a chruthófar le cur chun feidhme na gcóras nua a rialú <i>Líon measta FTEanna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):</i> 2024: +1; 2025: +1
	Tá gá le 2*Chúntóir Tacaíochta do Cásanna chun an méadú suntasach ar an méid sonraí a bhfuiltear ag súil leis a bhainistiú, chun próiseáil a dhéanamh ar shonraí oibríochtúla sa chóras bainistithe cásanna (lena n-áirítear aistriúcháin), chun forléargas ar shaolré na gcásanna oscailte a bhainistiú agus chun tuarascálacha ad hoc agus rialta (míosúil, bliantúil) agus staidreamh a chur ar fáil <i>Líon measta FTEanna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):</i> 2026: +1; 2027: +1
	Tá gá le 1*Oifigeach Bainistithe Sonraí chun próisis athbhreithnithe a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí agus é mar aidhm leo a áirithiú go bhfuil sonraí Eurojust ar ardchaighdeán, cothrom le dáta, iomlán, intuigthe gan débhrí, comhsheasmhach agus ar fáil nuair is gá leo

	<p><i>Líon measta FTEanna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):</i> 2026: +1</p>
	<p>Tá gá le 1*Anailíseoir Sonraí Cásanna i ngeall ar an méadú a bhfuiltear a súil leis ar fhógraí a sheolfar chuig Eurojust chun naisc idir imeachtaí reatha breithiúnacha a shainaithe bunaithe ar anailís ar an bhfaisnéis a fhaigheann Eurojust ó Europol, ó OLAF, ón OIPE agus ó údaráis náisiúnta agus chun anailís a dhéanamh ar thacar mór sonraí chun críocha comhordaithe bhreithiúnaigh</p> <p><i>Líon measta FTEanna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):</i> 2026: +1</p>
	<p>Tá gá le 1*Anailíseoir Sonraí Cásanna chun iarrataí (comhpháirteacha) dírithe ar na Ballstáit a dhréachtú bunaithe ar anailís na faisnéise arna malartú a chumhdaíonn na feidhmeanna oibríochtúla uile a liostaítear in Airteagal 4(2) de Rialachán Eurojust, chun saincheisteanna athfhillteacha in úsáid uirlisí an chomhair bhreithiúnaigh a bhrath, chun moltaí a dhréachtú maidir le cásanna a shíneadh chuig Ballstáit eile agus chun tuairimí a dhréachtú faoi dhiúltaithe nó deacrachtaí leanúnacha leis an gcomhar breithiúnach agus faoin áit is fearr le hionchúiseamh a dhéanamh</p> <p><i>Líon measta FTEanna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):</i> 2027: +1</p> <p>Tá gá le 1*Bhainisteoir Cláir agus 1*Bhainisteoir Tionscadail chun rialú agus bainistiú an chláir a bhunú (lena n-áirítear bainistiú cumarsáide agus riosca, faireachán agus tuairisciú ar dhul chun cinn chuig bord agus páirtithe leasmhara an chláir) ón uair a bhunaítear é go dtí deireadh an chláir agus chun tacú le cothabháil choisctheach agus mheastóireachta an chórais nua</p> <p><i>Líon measta FTEanna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):</i> 2024: +2</p>
	<p>Tá gá le 1*Ailtire TF chun an ailtireacht ar ardchaighdeán a shainiú, chun an bonneagar do chur chun feidhme an chórais nua bainistithe cásanna a dhearadh agus a chur ar bun agus chun an ailtireacht theicniúil, na naisc agus na córais a thacaíonn leis an gcóras nua bainistithe cásanna a chothabháil</p> <p><i>Líon measta FTEanna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):</i> 2024: +1</p>
	<p>Tá gá le 1*Anailíseoir Gnó chun anailís a dhéanamh ar na ceanglais, lena n-áirítear cruthúnas coincheapa in aghaidh an réitigh theicniúil agus chun tacú le cothabháil choisctheach agus mheastóireachta an chórais nua</p>

	<p><i>Líon measta FTEanna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):</i> 2024: +1</p> <p>Tá gá le 1*Oifigeach Slándála TFC chun dearadh, cur chun feidhme agus oibriú slán an chórais bhainistithe cásanna agus malartú slán sonraí le córais sheachtracha a áirithiú</p> <p><i>Líon measta FTEanna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):</i> 2024: +1</p> <p>Tá gá le 1*Saineolaí Cosanta Sonraí chun cosaint sonraí trí dhearadh a áirithiú agus go gcuirtear rialacha cosanta sonraí i bhfeidhm maidir le sonraí oibríochtúla</p> <p><i>Líon measta FTEanna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):</i> 2024: +1</p> <p>Tá gá le 3*Oifigeach Oibríochtaí TFC chun beartais chur i bhfeidhm agus beartais TF a bhainistiú, do chlaohlú gnó córais Eurojust, chun lámhleabhair a ullmhú (lena n-áirítear oiliúint a sholáthar d'úsáideoirí) agus chun líonraí, bunachair sonraí, ardáin fíorúcháin agus feidhmchláir Eurojust a riar</p> <p><i>Líon measta FTEanna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):</i> 2024: +1; 2025: +2</p> <p>Tá gá le 2*Bhall foirne riaracháin chun tuairiscí poist a ullmhú, chun roghnúcháin a dhéanamh, chun riachtanais ionductaithe agus oiliúna agus teidlíochtaí na mball nua foirne a bhainistiú, chun nósanna imeachta tairisceana a bhainistiú agus chun forghníomhú agus rialú buiséid agus tuairisciú ar na cistí a fhaightear a áirithiú</p> <p><i>Líon measta FTEanna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):</i> 2024: +2</p>
Cuspóir sonrath uimh. 2: Chun malartú sonraí idir na Ballstáit, Eurojust agus 3ú tíortha a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos sláine.	<p>Tá gá le 1*Cúntóir Tacaíochta do Cásanna chun an méadú suntasach ar an méid sonraí a bhfuiltear ag súil leis a bhainistiú, chun próiseáil a dhéanamh ar shonraí oibríochtúla sa chóras bainistithe cásanna (lena n-áirítear aistriúcháin), chun forléargas ar shaolré na gcásanna oscailte a bhainistiú agus chun tuarascálacha ad hoc agus rialta (míosúil, bliantúil) agus staidreamh a chur ar fáil</p> <p><i>Líon measta FTEanna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):</i> 2027: +1;</p> <p>Tá gá le 1*Oifigeach Bainistithe Sonraí chun próisis athbhreithnithe a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí agus é mar aidhm leo a áirithiú go bhfuil sonraí Eurojust ar ardchaighdeán, cothrom le dáta, iomlán, intuigthe gan débhrí, comhsheasmhach agus ar fáil nuair is gá leo</p>

	<p><i>Líon measta FTEanna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):</i> 2027: +1</p>
	<p>Tá gá le 1*Oifigeach Dlí agus 1*Oifigeach Beartas chun páirt a ghlacadh i gcaibidlíocht an Choimisiúin maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta agus chun socrúithe oibre straitéiseacha agus/nó cur chun feidhme le 3ú tíortha a chaibidil agus a dhréachtú</p> <p><i>Líon measta FTEanna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):</i> 2024: +2;</p>
	<p>Tá gá le 1*Oifigeach Dlí chun caibidlíocht, dréachtú, meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar ionstraimí comhair/comhaontuithe comhair/Meabhrán Tuisceana le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí comhpháirtíochta</p> <p><i>Líon measta FTEanna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):</i> 2025: +1</p>

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloimfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí ionad deachúlach amháin ar a mhéad)

		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
• Poist le haghaidh an phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)					
20 01 02 01 agus 20 01 02 02 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)		1	1	1	1
20 01 02 03 (Toscaireachtaí)					
01 01 01 01 (Taighde indíreach)					
10 01 05 01 (Taighde díreach)					
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)⁶⁰					
20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch')		1	1	1	1
20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna Toscaireachtaí)					
Línte Buiséid (sonraigh) ⁶¹	- sa Ceanncheathrú ⁶²				
	- i dtoscaireachtaí				
01 01 01 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach)					
10 01 05 02 (AC, END, INT – Taighde díreach)					

⁶⁰ AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END= Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

⁶¹ Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

⁶² Le haghaidh Chistí Bheartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) go príomha.

Línte buiséid eile (sonraigh)				
IOMLÁN	2	2	2	2

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúirthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-implonófar laistigh den Ard-Stiúirthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúirthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	Ionadaíocht a dhéanamh ar son an Choimisiúin ar Bhord Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta. Tuairim an choimisiúin a tharraingt suas maidir leis an gclár oibre bliantúil agus faireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme. Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an bhuiséid. Cabhrú leis an nGníomhaireacht chun a cuid gníomhaíochtaí a fhorbairt i gcomhréir le beartais an Aontais, lena n- áirítear trí pháirt a ghlacadh i gcruinnithe saineolaithe.
Pearsanra seachtrach	Tacóidh SNE amháin leis na hoifigigh agus na baill foirne shealadacha i ndáil leis na cúraimí thuas agus tabharfaidh sé cúnamh don Ghníomhaireacht chun a cuid gníomhaíochtaí a fhorbairt i gcomhréir le beartais an Aontais, lena n- áirítear trí pháirt a ghlacadh i gcruinnithe saineolaithe

Ba cheart tuairisc ar ríomh na gcostas le haghaidh aonaid FTE a áireamh in Iarscríbhinn V, roinn 3.

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

Mínigh an cineál athchlárú a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. Cuir tábla excel ar fáil i gcás athchlárú mór.

- is gá an corrlach gan leithdháileadh faoi cheannteideal ábhartha CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid.

Is gá leis an togra an corrlach gan leithdháileadh a úsáid faoi cheannteideal 2b den CAI mar a leanas: ar líne bhuiséid 07 1007 – Eurojust – in 2024 – EUR 2,158 milliún, in 2025 EUR 10,811 milliún, in 2026 – EUR 10,403 milliún agus in 2027 EUR 9,371 milliún.

3.2.5. Ranniocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.
- Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir leis an gcómhoiniú atá measta thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam..
- Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ar acmhainní dílse
 - ar ioncam eile
 - má tá an t- ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ⁶³					Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)	
		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3			
Airteagal								

I gcás ioncam ilghnéitheach atá ‘sannta’, sonraigh na línte buiséid caiteachais dá ndéanfar difear.

[...]

Sonraigh an modh chun an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar ioncam a ríomh.

[...]

⁶³ A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.